

## Comhairliúchán: Dréacht-Pholasáí Eatramhach Gaeilge an Údarais Oideachais

### Conradh na Gaeilge

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne. Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an Ghaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

---

### **Intreoir**

Is údar áthais dúinn go bhfuil an tÚdarás Oideachais ag obair i dtreo pholasáí Gaeilge agus go bhfuil dréacht pholasáí eatramhach anois amuigh le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Tá an tÚdarás Oideachais le moladh fosta as ucht an cur chuige forásach atá i bhfeidhm acu leis an phróiseas seo in sa mhéid is go bhfuil an polasaí seo á fhorbairt acu mar ullmhúchán don reachtaíocht Ghaeilge agus ceapadh an Choimisinéara Gaeilge. Is cur chuige é seo a bheas muid ag moladh do na húdarais phoiblí as seo amach.

Tá an tÚdarás Oideachais freagrach as seirbhísí oideachais éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil ag leibhéal bunscoile agus meánscoile. Tá sé mar aidhm freastal ar riachtanais dhaoine óga agus tacú le soláthar éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí óige; ní mór aithint gur cuid lárnach é earnáil na Gaelscolaíochta den tsoláthar sin. Tá earnáil an Ghaeloideachais ar an earnáil oideachais is mó fáis, le breis agus 7,000 dalta ó thuaidh ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge faoi láthair, idir naíscóileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna. Tá sé thar am go mbeadh rochtain ag na daltaí agus na teaghlaigh sin ar chaighdeán ard seirbhíse ón Údarás Oideachais ina dteanga dhúchais agus go bhfíorófar an dualgas reachtúil a ceanglaíodh le Comhaontú Aoine an Chéasta. Tá muid ag súil le go ndéanfaidh na moltaí forásacha, cuimsitheacha atá déanta againn leis an pholasáí seo an difear sin.

Chuige sin, is údar mór díoma dúinn é go dtiteann an dréacht-pholasáí atá molta ag an Údarás Oideachais go mór faoin rud a bheadh muid ag súil leis, go mór mór ó thaobh

scóipe, soláthair agus tionchair. Tá sé mar aidhm ag an aighneacht seo an dréacht pholasaí atá curtha le chéile ag an Údarás Oideachais a láidriú, trí tharraingt ar shamplaí de dhea-chleachtas atá i bhfeidhm in áiteanna eile, leas a bhaint as bunús reachtúil, mar aon le conarthaí idirnáisiúnta a bhfuil dualgas ar an Údarás Oideachais cloí leo, leis an tsúilíocht go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad sa pholasaí deiridh.

---

## **Cúlra**

### **Pobal faoi bhláth - 50 bliain ag fás**

Tá borradh nach beag faoin Ghaeilge sa lá atá inniu ann, a bhfuí go hiomlán leis an athbheochan pobalbhunaithe atá faoi lán seoil. Tá fréamhacha na hathbheochana seo le rianú chomh fada siar le bunú na chéad Gaeltachta uirbeacha anseo ó thuaidh, Gaeltacht Bhóthar Seoighe, sa bhliain 1969. Is ó na síolta seo a d'fhás agus a d'fhorbair infreastruchtúr iomlán an Ghaeloideachais ó thuaidh, mar aon leis an infreastruchtúr pobail atá ag fíorú na hathbheochana comhaimseartha. Bunaíodh an chéad Ghaelscoil ó thuaidh sa bhliain 1971, Bunscoil Phobal Feirste le naonúr dalta agus b'iomaí na dúshláin a bhí le sárú i luath-laethanta na scoile; easpa tacaíochta, maoinithe agus aitheantais ina measc. D'ainneoin seo ar fad, tháinig an scoil slán agus anuraidh, rinne an scoil ceiliúradh ar 50 bliain ar an fhód. 50 bliain ar aghaidh, tá breis agus 7,000 duine óg ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge le 43 naíonra, 28 bunscoil, 2 mheánscoil agus 10 n-aonad Gaeilge. Is soiléir, mar sin, go bhfuil géarghá ann le soláthar cuimsitheach agus cothrom seirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge ón Údarás Oideachais a fhreastlaíonn ar agus a thacaíonn leis an fhás seo.

Is gá a aithint nach bhfuil an athbheochan seo srianta de pharaiméadair an tseomra ranga amháin; i measc na ndaoine agus na ngrúpaí a bhaineann úsáid rialta as seirbhísí an Údarais Oideachais, tá an earnáil óige Ghaeilge, earnáil a d'fhás go hiomlán ón bhun aníos ó bhí 2009 ann. Thosaigh an earnáil amach le trí aonad páirtaimseartha ag cur seirbhísí óige Gaeilge ar fáil do phobal na Gaeilge; anois, tá 24 cumann óige fud fad an tuaiscirt cláraithe leis an Údarás Oideachais agus iad maoinithe le hoscailt idir 1-4 oíche sa tseachtain. Léiríonn seo faoi láthair go bhfuil 2740 duine óg ag baint leasa as na seirbhísí seo gach seachtain.

Aithnítear tábhacht na gcumann óige Gaeilge mar uirlis féiniúlachta agus mar spás sóisialta chun tacú le sealbhú agus foghlaim na teanga, go háirithe sna cásanna nach bhfuil Gaeilge ag na daoine óga sa bhaile. Spreagann na cumainn óige Ghaeilge úsáid na teanga agus tacaíonn siad le normálú na Gaeilge trí fheiceálacht mhéadaithe agus cur chuige a thugann tús áite don mhionteanga. Is údar mór díoma é go dtí seo go raibh cur chuige an Údarais Oideachais go mór i gcodarsnacht ní hamháin le cleachtas agus eiteas na gcumann óige Gaeilge, ach fosta go raibh sé ag sárú a ndualgas faoi chonarthaí idirnáisiúnta ar nós an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaithe (CETRM) agus An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (CMNC). Thacaigh sé seo leis an chás go bhfuil úsáid na Gaeilge srianta go spásanna príobhaideacha amháin, agus nuair atá cás nó cumarsáid le déanamh ar bhealach ar bith údarásach, go mbeidh gá i gcónaí le hiompú ar an Bhéarla. Tá deis ag an Údarás Oideachais an Ghaeilge a chur chun cinn agus

roinnt de na constaicí atá roimh phobal na Gaeilge faoi láthair a bhaint trí ghlacadh le polasaí cuimsitheach Gaeilge.

Chomh maith leis seo, léirigh figiúirí an daonáirimh 2021 tuar dóchais maidir leis an fhás atá tagtha ar an Ghaeilge le deich mbliana anuas ó thuaidh. De réir na figiúirí is déanaí, tá méadú de 23.6%<sup>1</sup> tagtha ar líon na ndaoine ó thuaidh a deir go bhfuil cumas éigin acu sa Ghaeilge thar thréimhse 10 mbliana. Chomh maith leis seo, thar thréimhse 10 mbliana, tháinig méadú 43% ar líon na ndaoine a deir go mbíonn an Ghaeilge in úsáid acu mar phríomhtheanga. Léiríonn seo go bhfuil ardú suntasach ag teacht ar líon na ndaoine atá ag tabhairt faoin Ghaeilge, nó a roghnaíonn a saolta a chaitheamh trí mheán na Gaeilge agus go bhfuil an fás seo ag tarlú i bhfolús reachtaíochta agus gan aon phlean straitéiseach, fadtéarmach ón stát. Chuige sin, tá sé thar am go n-aithníonn údarais an stáit seo, agus go bhreastlaíonn siad ar riachtanais phobal na Gaeilge trí pholasaí agus cleachtais f(h)orásacha i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Bheadh polasaí cuimsitheach Gaeilge, atá bunaithe go láidir ar an dea-chleachtas, ag tacú leis an aidhm seo.

### **Alt 89 den Ord Oideachais**

Cuireann Alt 89 den Ord Oideachais (TÉ) dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais an Gaeloideachas a 'éascú agus a spreagadh<sup>2</sup>.' Rinneadh soiléiriú ar an treoir seo i gcás Cholaíste Feirste v An Roinn Oideachais (2011), nuair a thug an Breitheamh Treacy míniú ar na himpleachtaí praiticiúla a bhí ag an dualgas seo- go raibh 'suntas reachtúil' le bheith aige agus 'iarmhairtí praiticiúla' ag baint leis. Sa bhliain 2009, d'aimsigh athbhreithniú ar earnáil an Ghaeloideachais réimse ceisteanna a bhí ag cur bac ar láidriú agus ar fhorbairt na hearnála. Thug moladh 18 den athbhreithniú le fios:

*"Ba cheart go mbeadh an Roinn Oideachais ag spreagadh agus ag tacú le deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta trí mheán na Gaeilge san earnáil óige."*<sup>3</sup>

Léiríonn an moladh seo go soiléir go gcuimsíonn an dualgas chun an Gaeloideachas a spreagadh agus a éascú soláthar maidir le deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta agus seirbhísí óige. Chun go gcomhlíonfar an dualgas reachtúil ina iomláine, is gá go ndéantar gníomh diongbháilte agus go gcuirtear bearta forásacha i bhfeidhm chun tacú leis an earnáil óige Gaeilge; ba cheart go mbeadh córas tacaíochta cuimsitheach i bhfeidhm agus ar fáil do phobal na Gaeilge trí mheán na Gaeilge ón Roinn Oideachais agus ón Údarás Oideachais, go háirithe do na seirbhísí sin a mbainfeadh pobal na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge úsáid rialta astu. Bheadh polasaí cuimsitheach Gaeilge ag tacú leis agus ag fíorú an dualga(i)s seo, mar aon leis na mianta agus na haidhmeanna atá leagtha amach ag an Údarás Oideachas lena bplean gnímh comhionannais.

### **Cás samplach: Feachtas Bus Choláiste Feirste (2014)**

Sa bhliain 2014, chuir tuismitheoirí ó Thuaisceart Béal Feirste tús leis an fheachtas #BusAnois chun dúshlán a thabhairt do chinneadh na Roinne Oideachais agus Bhord

<sup>1</sup> Daonáireamh 2021, NISRA, ar fáil:

<https://www.nisra.gov.uk/publications/census-2021-main-statistics-language-tables>

<sup>2</sup> Ord Oideachais 1998, Alt 89, ar fáil: <https://www.legislation.gov.uk/nisi/1998/1759/article/89>

<sup>3</sup> Athbhreithniú ar an Ghaeloideachas 2009, Moladh 18, ar fáil:

[https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/review-of-irish-medium-education-report-irish\\_0.pdf](https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/review-of-irish-medium-education-report-irish_0.pdf)

Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste gan seirbhís taistil a chur ar fáil do dhaltaí a bhí ag freastal ar Choláiste Feirste ó Thuaisceart Bhéal Feirste. Glacadh an cinneadh seo in ainneoin an dualgais reachtúla atá ar an Roinn Oideachais chun forbairt na Gaelscolaíochta a éascú agus a spreagadh agus ag an am, bhí Coláiste Feirste ar an t-aon rogha meánscolaíochta lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann. Mar gheall ar an chinneadh, bhí teaghlaigh ó na ceantair is suntasaí ó thaobh mhíbhuntáiste sóisialta/eacnamaíochta ag fulaingt na gcostas chun na páistí a chur chun na scoile agus bhí constaicí á gcur roimh pháistí chun rochtain a bheith acu ar an Ghaeloideachas.

Chuir an grúpa feachtasaíochta, Tuistí an Tuaiscirt, ceistneoirí thart ar ghrúpaí tuismitheoirí chun;

- (i) an tionchar airgeadais a bhí ag cinneadh na Roinne agus ann Bhoird ar na tuismitheoirí sin a ghlac an cinneadh a bpáistí a chur chuig meánscoil lán-Ghaeilge agus;
- (ii) an tionchar a bhí ag seasamh na Roinne agus an Bhoird ar an rogha a dhéanfadh tuismitheoirí maidir le hoideachas iar-bhunscoile dá bpáistí.

Léirigh torthaí na gceistneoirí<sup>4</sup> go soiléir go raibh tionchar láidir ag teip na Roinne Oideachais agus an Bhoird Oideachais agus Leabharlanna ar an dá tháscaire thuasluaite. Bhí ualach suntasach breise airgeadais ar thuismitheoirí a ghlac an cinneadh a bpáistí a chur ar Choláiste Feirste nach raibh i dteideal pasanna bus, le bille bliaintiúil de bheagnach £14,000 á n-íoc ag 24 teaghlach ag am na taighde chun na páistí a chur chun na scoile. Léirigh seo fadhb mhór sa mhéid is go raibh sciar suntsasach den ioncam tí sna ceantair is boichte i mBéal Feirste ag dul i dtreo rochtana ar mheánscolaíocht lán-Ghaeilge, agus go raibh seo ag tarlú d'ainneoin an dualgais reachtúla.

Chomh maith leis seo, léirigh an tuairisc taighde go raibh tionchar suntasach ag an teip ar an chinneadh a ghlacfadh na tuismitheoirí chun a bpáistí a chur chuig Coláiste Feirste. Léirigh 79% de na tuismitheoirí a ceistíodh gur leag na soláthairtí reatha taistil síos constaic shuntasach maidir lena gcinneadh chun a bpáistí a chur go Coláiste Feirste. I bhfianaise na dtorthaí seo, bhí sé soiléir go mbeadh tionchar suntasach ag seasamh na Roinne agus an Bhoird ar líon na ndaltaí a chur isteach ar áit i gColáiste Feirste, rud a bhí ag obair in éadan an dualgais reachtúla chun forbairt an Ghaeloideachais a éascú agus a spreagadh.

Cé gur luí an cinneadh seo ag an am leis an Roinn Oideachais agus leis an Bhord Oideachais agus Leabharlanna (nach maireann), léirigh sé go soiléir go raibh siad ag sárú an dualgais reachtúla trí chonstaic bhreise a chur roimh pháistí a roghnaigh meánscolaíocht trí Ghaeilge. Is rud é taisteal anois a thagann faoi choimirce an Údaráis Oideachais agus mar atá aithnithe thuas, is gá dóibh feidhmiú de réir an dualgais reachtúil. Chuige sin, tchítear go bhfuil an deis ag an Údarás Oideachais anseo, trí pholasaí cuimsitheach Gaeloideachais a aithníonn agus a fhreastlaíonn ar shainriachtanais an Ghaeloideachais agus na hearnála óige Gaeilge, fadhbanna mar seo a sheachaint agus cinntiú nach mbíonn daltaí Gaelscoile faoi mhíbhuntáiste ag leibhéal ar bith dá n-aistir oideachais. Is údar mór díomá dúinn é ní hamháin nach gclúdaíonn an polasaí seo earnáil an Ghaeloideachais, ach go dteipeann air dul i ngleic le constaicí agus sainriachtanais na hearnála trí chéile. Ba cheart go mbeadh sé mar thosaíocht ag an Údarás Oideachais tacú leis an dualgas reachtúil

---

<sup>4</sup> Tuistí an Tuaiscirt Research Report 2014, Ich 7-11.

trí pholasáí cuimsitheach ar leith don Ghaeloideachas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm munar féidir leis an pholasáí eatramhach seo freastal ar na riachtanais sin. I gcúrsaí taistil agus i go leor réimsí eile don oideachas, ní oibríonn an cur chuige aonghnéitheach agus tá cur chuige sainiúil, dírithe ar riachtanais áirithe an Ghaeloideachas de dhíth.

### **Cur chuige ‘Béarla amháin’ ón Údarás Oideachais (2019)<sup>5</sup>**

I mí Eanáir na bliana 2017, rinneadh cáineadh láidir ar chur chuige an Údarais Oideachais nuair a glacadh an cinneadh brandáil aonteangach ‘Béarla amháin’ a chur i bhfeidhm in áit an leagan tritheangach den lógó a bhí in úsáid roimh thoghchán na bliana 2016. Bhí an cinneadh seo ag teacht sna sála ar cheapadh Peter Weir mar Aire Oideachais, Aire a chur polasaí ‘Béarla ar dtús’ i bhfeidhm láithreach ar ghlacadh na hoifige dó. Go dtí sin, bhí leaganacha tritheangacha ar fáil de litreacha oifigiúla an Údarais Oideachais, agus bhí imlitreacha agus foilseacháin eile dá gcuid á gcur ar fáil go dátheangach (Béarla agus Gaeilge). Ag an am, dúirt an Údarás gur glacadh an cinneadh mar gur tháinig athrú ar an Aire Oideachais ag an am; ansin, dhá mhí ina dhiaidh sin, dúradh gur ghlac Príomhfheidhmeannach an Údarais Oideachais an cinneadh óir go raibh sé ag teacht le cleachtais na Roinne Oideachais ag an am. Bhí an cinneadh seo ag teacht salach ar pholasáí comhionannais an údarais féin ó thaobh athruithe polasaí de.

Beag beann ar cé go díreach a ghlac an cinneadh, d’ardaigh sé ceisteanna móra faoi thiomantas an Údarais don Ghaeilge; níor ceart go mbeadh cur chun cinn na Gaeilge ag brath ar an Aire atá in oifig ag an am. Leis an chur chuige seo, rinne siad iomlán neamhaird ar a ndualgas reachtúil agus ar an chreat dlíthiúil a leagann amach go soiléir gur ceart d’údarais phoiblí gníomh diongbháilte a ghlacadh i leith na Gaeilge. Cé nár ceart d’údarais phoiblí fanacht ar pholasáí go dtí go nglactar céimeanna agus bearta fórasacha don teanga, léiríonn sé an baol atá ann nuair nach bhfuil polasaí soiléir, cuimsitheach Gaeilge ann a threoraíonn agus a leagann amach go soiléir seasamh an Údarais maidir le brandáil agus lógó. Dá mbeadh polasaí Gaeilge i bhfeidhm ag an Údarás Oideachais in 2016/17, níl lá amhrais nach nglacfaí an cinneadh.

### **Ceachtanna ón phaindéim Covid-19 (2021)**

Léirigh an phaindéim Covid-19 an ról lárnach atá anois ag seirbhísí ar líne, go háirithe seirbhísí oideachais. Sin ráite, ba shoiléir ón mhéid a tháinig chun solais le linn na tréimhse seo nach raibh soláthar digiteach an Údarais Oideachais ag freastal ar riachtanais dhaltaí an Ghaeloideachais. Le linn na paindéime Covid-19, bhí scoileanna druidte ó mhí an Mhárta 2020 go dtí mí Mheán Fómhair 2020; i rith na tréimhse seo, bhí an chianfhoghlaim mar an t-aon rogha oideachais ag daltaí scoile. Ar ndóigh, chuir seo brú breise ar na múinteoirí ó gach earnáil chun an t-ábhar foghlama a bhí ullmhaithe acu don bhliain acadúil a chur in oiriúint don chianfhoghlaim, ar na tuismitheoirí chun cinntiú go raibh an teicneolaíocht chuí ag a bpáistí agus ar na daltaí féin chun dul i dtaithe ar an bhealach úr foghlama seo.

Sin ráite, bhí constaicí bhreise roimh dhaltaí Gaelscoile; in earnáil na Gaelscolaíochta, is tumoideachas atá i gceist. Bíonn na daltaí go hiomlán sáite sa teanga i rith uaireanta na scoile, gné atá ina buntáiste ar leith do na páistí sin nach mbíonn an Ghaeilge acu sa bhaile

<sup>5</sup> Irish News, 10/01/2019, ar fáil:

<https://www.irishnews.com/news/northernirelandnews/2019/01/17/news/education-authority-criticised-for-dropping-irish-language-from-its-branding-1529707/>

agus gné ar cailleadh go hiomlán le teacht chun cinn na paidéime. Dar le taighde a d'fhoilsigh Comhairle na Gaelscolaíochta i mbliana i gcomhar le hOllscoil Uladh go raibh tionchar dochrach ag an chianfhoghlaim ar chumas agus muinín teangeolaíoch na ndaltaí, le 94% de mhúinteoirí ag aontú leis an ráiteas thuas.<sup>6</sup>

Aithnítear go raibh an Roinn agus an tÚdarás Oideachais, mar a bhí na múinteoirí, teaghlaigh agus daltaí, ag feidhmiú le linn éigeandála nach bhfacthas ariamh. D'ainneoin seo, áfach, tá barúil láidir ann go ndearnadh neamhaird iomlán ar shainriachtanais agus uathúlacht an tumoideachais sna treoirínte agus sna háiseanna tacaíochta a chuir an Roinn agus an tÚdarás ar fáil le linn na paidéime. Léirigh taighde Chomhairle na Gaelscolaíochta gur mhothaigh 100% de cheannairí scoile, múinteoirí agus 54% de thuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde nár tugadh tacaíocht chuí do Ghaelscoileanna le linn na paidéime. Thit roinnt mhaith den fhreagracht ar na múinteoirí féin, le 75% den sampla ag maíomh go raibh siad ag obair le modhanna teagaisc nach raibh siad oillte go leor orthu.

Tréisíodh an argóint seo i mí Aibreán 2020 nuair a chuir an tÚdarás Oideachais áiseanna breise tacaíochta ar fáil ar líne in 11 teanga<sup>7</sup>, dar leo chun tacú leis na daltaí sin a raibh an baol is mó ann go gcaillfeadh siad an nasc a bhí acu leis an scoil. Níor cuireadh oiread is áis amháin ar fáil i nGaeilge. Is minic a fhágtar an Gaeloideachas ar lár sna gnáth-phróisis phleanála, ach bhí na háiseanna tacaíochta seo dírithe ar na daltaí a raibh an baol is mó ann go mbeadh siad ag fulaingt agus na scoileanna druidte. Thug muid dúshlán don chinneadh seo ag an am agus b'údar mór díomá dúinn é gur thug an tÚdarás Oideachais le fios nár cuireadh na háiseanna ar fáil mar nach raibh aon éileamh ann do na háiseanna sin i nGaeilge.

Bhí fadhbanna ann leis an dearcadh seo ar go leor bealaí; i dtús báire, clúdaíonn an dualgas reachtúil an tÚdarás Oideachais, agus chuige sin, tá dualgas orthu forbairt an Gaeloideachais a éascú agus a spreagadh ó thuaidh. Ní hamháin go ndearna an tÚdarás Oideachais an cinneadh gan na háiseanna a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ag an chéad deis, ach d'úsáid siad easpa éilimh mar leithscéal, rud a rinne neamhaird iomlán ar an 7,500 dalta ag an am a bhí ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis sin, ní soiléir ar úsáideadh an cur chuige seo le ceann ar bith den 11 teanga ar cuireadh na háiseanna ar fáil iontu. Tuigtear dúinn fosta go raibh Comhairle na Gaelscolaíochta agus na Gaelscoileanna féin ag tógáil buarthaí leanúnacha maidir leis an easpa tacaíochta, go háirithe maidir le háiseanna le linn an tréimhse cian-fhoglamtha, ach in ainneoin na hiarrachtaí leanúnacha seo nach raibh easpa áiseanna ar fáil trí Ghaeilge i rith an ama seo.

Léiríonn seo fadhb shoiléir nuair nach bhfuil polasaí nó creat soiléir don Ghaeilge ag an Údarás Oideachais, nach gcuirtear an Ghaeilge, nó earnáil na Gaelscolaíochta trí chéile, san áireamh mar thosaíocht. Ba cheart, mar sin, go leagann polasaí ar bith don Ghaeilge amach anseo an gá le scagadh teanga a dhéanamh ar pholasaithe, cleachtais agus cuir chuige de chuid an Údarás Oideachais; ciallaíonn seo go ndéantar an polasaí, cleachtas nó cur chuige a mheas de réir an tionchair a bheadh aige ar úsáid agus feiceálacht na Gaeilge agus go gcinntítear nach mbíonn aon drochthionchar acu ar aon cheann de na gnéithe seo.

---

<sup>6</sup> Ó Domagáin, 2022, Tumoideachcas gan tumadh, ar fáil: <https://comhairle.org/gaeilge/wp-content/uploads/sites/2/2022/09/Tumaoideachas-gan-tumadh.pdf>

<sup>7</sup> BBC News, 23/04/2020, ar fáil: <https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-52391304>

---

## **Cómhthéacs**

Fáiltimid go n-aithníonn an tÚdarás Oideachais a ndualgais faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, an An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint, Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna agus Airtigeail 19 agus 27 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Sin ráite, tá gnéithe riachtanacha de reachtaíocht intíre agus de chonarthaí idirnáisiúnta atá go mór in easnamh i gcúlra an pholasaí agus atá ríthábhachtach chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar dhualgais an Údaráis Oideachais ina n-iomláine.

### **1.1 Comhaontú Aoine an Chéasta (1998)**

Tá sraith choimhlintí cuimsithe faoi chuid 3 de Chomhaontú Aoine an Chéasta a bhaineann le ceistanna eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta, mar aon le soláthar ginearálta i dtaobh mionteangacha.

*“Aithníonn na rannpháirtithe ar fad an tábhacht atá le meas, tuiscint agus caoinfhulaingt mar a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch, an Ghaeilge, Ultais, agus teangacha na bpobal eitneacha san áireamh, agus gur cuid lárnach iad de shaibhreas cultúrtha an oileáin seo.”*

Leagann an Comhaontú síos coimhlint shoiléir go ndéanfaidh Rialtas na Breataine gníomh diongbháilte don Ghaeilge, go n-éascóidh agus go spreagfaidh siad úsáid na Gaeilge sa saol príobhaideach agus poiblí agus go rachaidh siad i ngleic le constaicí a oibríonn in éadan chaomhnú agus fhorbairt na teanga. Chomh maith leis sin, tá coimhlint ann go rachaidh siad i gcomhairle le pobal na Gaeilge, ag cur a ndearcthaí in iúl d’údaráis poiblí. Is gnéithe iad seo nach bhfuil á gcomhlíonadh ina n-iomláine sa dréacht-pholasaí mar atá faoi láthair.

I dtús báire, níl aon tagairt nó soláthar ann sa dréacht-pholasaí ó thaobh feiceálacht na Gaeilge de. Mar atá aithnithe i dtreoracha agus caighdeáin idirnáisiúnta i gconarthaí atá daingnithe ag Rialtas na Breataine, tá tábhacht ar leith ag baint le feiceálacht na Gaeilge, go háirithe mar gur mionteanga atá i gceist. Cuireann feiceálacht na Gaeilge (taobh leis an Bhéarla) in iúl do phobal na Gaeilge go bhfuil fáilte rompu a dteanga a úsáid sna suíomhanna sin. Chomh maith leis seo, léiríonn taighde go leanúnach go gcuireann feiceálacht mionteangacha go mór le normálú na dteangacha sin, agus dá bharr, go méadaítear tuiscint agus caoinfhulaingt orthu. Tugann comharthaíocht spás neodrach do dhaoine chun teagmháil a dhéanamh leis an Ghaeilge ach d’ainneoin seo, tá feiceálacht na Gaeilge, bíodh sin trí fhéiniúlacht chorparáideach, ar chomharthaí, lógó, an Údaráis Oideachais go mór in easnamh sa pholasaí molta seo agus dá bharr, titeann sé go mór faoin choimhlint a tugadh i gComhaontú Aoine an Chéasta.

Chomh maith leis seo, is gá a aithint, cé go raibh an ceistneoir comhairliúcháin ar fáil trí Ghaeilge, nár eagraíodh aon cheann de na seisiún comhairliúcháin a bhí ar siúl ar Microsoft Teams trí Ghaeilge, d’ainneoin gur bhain an t-ábhar féin le dréacht-pholasaí don Ghaeilge. Ba cheart go mbeadh an tÚdarás Oideachais réamhghníomhach agus iad ag dul i mbun comhairle leis an phobal agus ag aithint go luíonn sé le ciall an comhairliúcháin a dhéanamh leis an phobal a mbaineann an polasaí leo sa teanga a bhfuil an comhairliúcháin ag plé leis. Sa chás seo, i nGaeilge. Tá sé riachtanach go dtéann aon pholasaí don Ghaeilge i ngleic

leis seo agus go n-aithníonn sé gur ceart go ndéantar measúnú ar aon pholasaí/cleachtas/comhairliúchán de chuid an Údarás Oideachais ó thaobh an tionchar a bheadh aige ar dheiseanna úsáide agus feiceálachta na Gaeilge.

Tá gné laistigh de Chomhaontú Aoine an Chéasta chomh maith a luann go sonrath go mbeidh an deis ag pobal na Gaeilge a ndearcthaí a chur in iúl do na húdaráis phoiblí agus tchítear dúinn go bhfuil an gné ríthábhachtach seo go mór in easnamh sa pholasaí molta; monatóireacht. Ní fios go díreach cén dóigh a dhéanfar monatóireacht ar an dréacht-pholasaí, ach tá cás láidir ann gur ceart go mbeadh fóram seachtrach ann le pobal na Gaeilge chun tionchar an pholasaí a mheas. Cinntíonn ionadaíocht ó phobal na Gaeilge ar fhórait mhonatóireachta i dtaobh soláthair/fhorbairt seirbhíse an deis dóibh a mbarúlacha a thabhairt, mar aon le measúnú a dhéanamh ar dhúshláin agus deiseanna f(h)éideartha mar a bhaineann le feiceálacht agus úsáid na Gaeilge i bpolasaithe cosúil leis seo. Ba cheart seo a dhéanamh ní hamháin leis an pholasaí seo, ach le polasaithe/tionscadail eile dá gcuid chun cinntiú go mbíonn guth phobal na Gaeilge cuimsithe.

## **1.2 Comhionannas, Dea-Chaidrimh agus Alt 75**

As siocair gur de chúlra Caitliceach nó náisiúnach nó gur daoine óga iad formhór na n-úsáideoirí Gaeilge de réir na staitisticí, is dócha go mbíonn dea-thionchar soiléir ó thaobh comhionannais deiseanna de ag aon soláthar a dhéantar i leith na Gaeilge ar na grúpaí sin. Sin ráite, is féidir go mbeidh dea-thionchar ó thaobh comhionannais deiseanna de ag polasaithe Gaeilge ar Phrotastúnaigh, ar aontachtóirí, ar dhaoine scothaosta agus ar mhionlaigh eitneacha fosta óir is grúpaí iad sin nach dócha go raibh deiseanna eile acu a bheith i dteagmháil leis an Ghaeilge (Daonáireamh 2011). Cuirfidh soláthar na Gaeilge trí pholasaí cuimsitheach Gaeilge deiseanna ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leis an teanga i dtimpeallachtaí atá neodrach i dtaobh na polaitíochta de. Dá bharr, déanfar normálú ar dhearcthaí i leith na teanga.

Chomh maith leis seo, mar phríomh-údarás poiblí, tá dualgas ar an Údarás Oideachais dea-chaidrimh a chur chun cinn, mar atá aithnithe i Scéim Chomhionannais an Údaráis féin. Is fiú a aithint chomh maith go ndearna Coimisiún an Chomhionannais uasdátú ar an sainmhíniú a thugann siad ar ‘dhea-chaidrimh’, a luann anois:

*“Is ionann cur chun cinn dea-chaidreamh idir grúpaí éagsúla sa tsochaí agus a bheith ag cothú comh-mheasa, comh-thuisceana agus imeascú agus iad ag dul i ngleic le leithcheal agus éadulaingt.”*

Cé go n-aithnítear go raibh an Ghaeilge mar ábhar conspóide ó thaobh na polaitíochta de, léiríonn an sainmhíniú úr seo nár ceart go mbainfear míbhrí as an dualgas chun dea-chaidrimh a chur chun cinn mar chros chun cosc a chur ar cheisteanna a shíleann daoine atá conspóideach ó thaobh na polaitíochta de. Ag an am céanna, níor ceart go n-úsáidtear dea-chaidrimh mar leithscéal chun cosc a chur ar bhearta comhionannais agus cearta. Chomh maith leis seo, is minic a bhíonn argóintí i gcoinne bhearta forásacha don Ghaeilge fréamhaithe sa tseicteachas, ach is annamh a luaitear seo i measúnaithe comhionannais ar pholasaí Gaeilge. Ba chóir go raibh bunús aon fhreasúrachta soiléir, agus níor cheart go mbeadh údarás poiblí, an tÚdarás Oideachais san áireamh, ag tacú le hagóidí atá bunaithe go simplí ar sheicteachas. Thiocfadh seo salach ar sholáthar dea-chaidreamh agus comhionannais.



Tá sé ráite ag an fhoras maoirseachta um Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Mionlaigh Náisiúnta go bhfuil siad buartha fán dóigh a bhfuil míléamh déanta ar dhea-chaidreamh ar bhealach a chur srian ar chosaint na Gaeilge. In 2011, dúradh sa Tríú Tuairim acu faoin Ríocht Aontaithe:

*“Ba ait leis an Choiste Chomhairleach, agus chuir sé isteach air, go bhfuil roinnt ionadaithe de chuid na n-údarás den tuairim gur leithcheal in aghaidh daoine den mhóramh é úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Níl ráitis den chineál sin ag teacht le príonsabail an Chreat-Choinbhinsiúin... arb é is aidhm leis meas a léiriú ar úsáid teangacha mionlaigh... d’fhonn tuilleadh caoinfhulaingte agus dialóige idirchultúrtha a chur chun cinn sa tsochaí.”*

Chuige sin, in áit bearta forásacha don Ghaeilge a dheachtain de bhrí go bhfuil an tuairim ann gur féidir leis a bheith ‘conspóideach’, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an Údarás Oideachais dul i ngleic leis an chlaontacht agus aghaidh a thabhairt ar an leithcheal agus éadulaingt. Bheadh an tÚdarás Oideachais ag déanamh neamairt go hiomlán ar a ndualgas chun dea-chaidrimh a chur chun cinn, mar aon lena scéim chomhionannais féin, dá dtabharfaí an meachán céanna d’argóintí i gcoinne na Gaeilge atá fréamhaithe sa tseicteachas is a thugtar d’argóintí atá bunaithe ar thaighde, dea-chleachtas agus a bhfuil saineolaithe idirnáisiúnta ag tacú leo.

Ní sárú é ar chearta dhuine ar bith má thugtar cearta do mhionlaigh. Leoga, dhearbhaigh an foras maoirseachta um Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Mionlaigh Náisiúnta seo nuair a bhí siad ag déanamh measúnaithe ar na dóigheanna a ndearnadh míléamh ar dhea-chaidrimh chun cosc a chur ar bhearta forásacha don Ghaeilge. Sa bhliain 2011, thug a tríú bharúil ar an Ríocht Aontaithe le fios:

*“[gur] trua é gur mhinic a cuireadh in aghaidh beart chun feiceálacht agus úsáid na teanga a chur chun cinn ar an bhunús gur leithcheal é sin in aghaidh grúpaí eile sa daonra” (para 21).*

Chomh maith leis seo, dhearbhaigh Measúnacht Tionchair Comhionannais an Údaráis Oideachais féin ar an pholasaí Gaeilge nach mbeadh aon droch-thionchar ar an pholasaí Gaeilge ar ghrúpa ar bith atá cosanta faoi Alt 75, daoine le barúlacha éagsúla polaitíochta san áireamh. Chiallóidh droch-thionchar go mbeadh drochthionchar láithreach, nó go gcruthófaí drochthionchar láithreach ar ghrúpa(i) daoine. Níor léiríodh ariamh cén dóigh a mbeadh drochthionchar ag cur chuige forásach i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge, atá ag teacht le heiteas agus moltaí na saineolaithe idirnáisiúnta agus an dlíthe intíre, ar chomhionannas deiseanna. Tá súil againn go gcuirtear seo san áireamh agus anailís á dhéanamh ar thorthaí an chomhairliúcháin seo.

### **1.3 Comhaontú Chill Rímhinn (2006)**

Tháinig 8 mbliana de mhoilleadóireacht i gcomhlíonadh na ndualgas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta sular tháinig Comhaontú Chill Rímhinn sa bhliain 2006. De bharr an chomhaontaithe, tugadh coimítmint do sholáthar úr dlíthiúil don Ghaeilge; gheall Rialtas na Breataine go dtabharfaí isteach;

*“...Acht Gaeilge bunaithe ar thaithí na Breataine Bige agus na hÉireann, agus go n-oibreoidh muid leis an Fheidhmeannas nua chun forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.”*

Bhí, agus tá fós, moill shuntasach ar chur i bhfeidhm an Achta Gaeilge, ach tugadh coimhlint úr faoin Chomhaontú Ré Nua, Cur Chuige Nua i mí Eanáir 2020 reachtaíocht don Ghaeilge a rith. Beidh gnéithe éagsúla na reachtaíochta sin á bplé sa chéad chuid eile den aighneacht seo.

#### **1.4 Ré Nua, Cur Chuige Nua**

Aontaíodh agus síníodh an Comhaontú ‘Ré Nua, Cur Chuige Nua’ i mí Eanáir 2020 ar mhaithe le hinstiúidí Stormont a athbhunú. B’ionann an Comhaontú seo agus an chéad Chomhaontú a thug aitheantas oifigiúil don Ghaeilge sa tuaisceart. Luaigh an Comhaontú go sonrach go ndéanfar seo trí;

*“Reachtaíocht chun Coimisinéir a cheapadh a aithníodh, a thacóidh le, a chosnóidh agus a dhéanfaidh feabhas ar an Ghaeilge sa tuaisceart agus a bhronnfaidh aitheantas oifigiúil ar stádas na Gaeilge sa tuaisceart...”*

Leag an Comhaontú amach go gceapfar Coimisinéir Gaeilge agus go mbeadh sí/sé freagrach as caighdeán teanga a dhréachtú, agus na caighdeán teanga seo a bhronnadh ar údarais phoiblí, de réir an leibhéil teagmhála a bhíonn acu leis an phobal. Is cleachtas é seo atá i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag cheana féin, agus dá mbainfí leas as an taithí atá acu, tá údarais áitiúla oideachais sa chatagóir is airde (is ionann sin agus a rá go mbronnfar níos mó caighdeán orthu mar go mbíonn níos mó teagmhála acu leis an phobal). Agus an aighneacht seo á scríobh (mí na Nollag 2022), achtaíodh an tAcht Féiniúlachta agus Teanga agus beidh na rialacháin tosaithe á síníú go luath ag an Rúnaí Stáit a leagfaidh amach go soiléir cén uair a bheas gach mír den reachtaíocht úr i bhfeidhm.

De bhrí go bhfuil an dréacht-pholasaí eatramhach seo á fhorbairt mar ullmhúchán do cheapadh an Choimisinéara Gaeilge, is mór is fiú polasaí cuimsitheach Gaeilge a chur i bhfeidhm agus glacadh leis na moltaí fórasacha thíos, atá bunaithe go láidir ar an dea-chleachtas, ionad nach mbeidh níos mó oibre i gceist leis an pholasaí a úasdátú ar cheapadh an Choimisinéara Gaeilge. Is fiú a aird a dhíriú ar an chuma atá ar na caighdeán teanga sa Bhreatain Bheag, go háirithe na caighdeán a bhaineann go sonrach le húdarais phoiblí amhail an tÚdarás Oideachais, chun tuiscint a fháil ar cad é go díreach ar féidir bheith ag súil leis nuair a cheapfar an Coimisinéir Gaeilge. Seo thíos roinnt samplaí;

*Muna bhfuil tú cinnte ar mhaith le duine éigin go ndéanfar comhfhreagras leo trí Bhreatnais, nuair a dhéanann tú comhfhreagras leo, is gá duit leagan Breatnais den chomhfhreagras a chur ar fáil.*

*If you don't know whether a person wishes to receive correspondence from you in Welsh, when you correspond with that person you must provide a Welsh language version of the correspondence.*

*Is gá ábhar ar bith atá ar taispeánt go poiblí a thaispeánt trí Bhreatnais agus níor ceart caitheamh leis an leagan Breatnais ar bhealach ar bith difriúil leis an leagan Béarla.*

*Má chuireann tú na cáipéisí a leanas ar fáil, agus má tá siad ar fáil don phobal, is gá duit iad a chuir ar fáil i mBreatnais - (a) polasaithe, straitéisí, tuairiscí bliantiúla agus pleananna corparáideacha; (b) treoirlíne agus cóid chleachtais; (c) paipéir chomhairliúcháin.*

*Is gá cinntiú - (a) go bhfuil gach píosa téics ar do shuíomh idirlín ar fáil trí Ghaeilge, (b) go bhfuil gach leathanach Breatnaise ar an suíomh ag feidhmiú go hiomlán, agus (c) nach gcaitear leis an Bhreatnais ar bhealach ar bith difriúil leis an Bhéarla.*

*Nuair a fhoilsíonn tú cáipéisí comhairliúcháin a bhaineann le cinneadh polasaithe, is gá don cháipéis a chur san áireamh, agus tuairimí a bhailiú maidir leis an tionchar (bíodh sin dearfach nó diúltach) a bheas ag an chinneadh polasaithe ar - (a) deiseanna do dhaoine chun an Bhreatnais a úsáid, agus (b) ag caitheamh leis an Bhreatnais ar bhealach ar bith difriúil leis an Bhéarla.*

Is gnéithe iad seo ar ceart a chur san áireamh i bhforbairt agus i gcur chun cinn an pholasaí Gaeilge. Tá an tÚdarás Oideachais chun tosaigh cheana féin ar an reachtaíocht agus tá deis acu anseo polasaí láidir, cuimsitheach Gaeilge a chur i bhfeidhm a fhreastlaíonn go hiomlán ar riachtanais phobal na Gaeilge.

### **1.5 An 5ú Tuairisc Monatóireachta de chuid an Choiste Saineolaithe maidir le dul chun cinn na Ríochta Aontaithe i gcomhlíonadh na ndualgas faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.**

I mí Iúil 2020, d'fhoilsigh an Coiste Saineolaithe a 5ú tuairisc monatóireachta a dhéanann measúnú ar dhul chun cinn na Ríochta Aontaithe i dtaobh na ndualgas atá orthu faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. D'fhoilsigh siad 20 moladh a léireodh, dar leo, go raibh an Chairt á comhlíonadh ina iomláine. I measc na moltaí sin, moladh;

*g. Aistriúchán a dhéanamh ar, na téacsanna reachtúla náisiúnta is tábhachtaí agus iad seo a chur ar fáil don phobal.*

*h. Déanamh cinnte de gur féidir le Gaeilgeoirí iarratais scríofa nó labhartha a dhéanamh le craobhacha áitiúla de na húdaráis náisiúnta, na húdaráis de chuid an tuaiscirt, údaráis áitiúla agus soláthairtí seirbhísí poiblí.*

*j. Déanamh cinnte de go mbaineann craobhacha áitiúla d'údaráis náisiúnta cáipéisí a dhréachtú i nGaeilge.*

*k. Úsáid na leagnacha Gaeilge de logainmneacha áitiúla a éascú ag údaráis áitiúla agus náisiúnta, mar aon le soláthairtí seirbhísí poiblí.*

*l. Beartais phraiticiúla a ghlacadh chun cinntiú gur féidir glacadh le húsáid ainmneacha agus sloinnte i nGaeilge.*

Cé nár comhlíonadh bunús na moltaí seo fós, trí pholasaí Gaeilge forásach, cuimsitheach, tá an deis ag an Údarás Oideachais bheith ag teacht le agus ag comhlíonadh moltaí de chuid na saineolaithe idirnáisiúnta.

## 1.6 Moltaí an Phainéil Chomairleach de Shaineolaithe ar Straitéis don Ghaeilge - Tuairisc na Saineolaithe

Mar aon leis an reachtaíocht Ghaeilge a gealladh faoin Chomhaontú ‘Ré Nua, Cur Chuige Nua’, tugadh coimhínt go ndéanfar Straitéis don Ghaeilge a fhorbairt. Níorbh ionann seo agus an chéad uair ar gealladh an Straitéis; chuir Acht Chomhionann Chill Rímhinn dualgas reachtúil ar an Fheidhmeannas chun *“glacadh le Straitéis a leagann amach na dóigh a dhéanfar feabhsú agus cosaint ar fhorbairt na Gaeilge”*. Ar an 10ú lá de mhí an Mhárta 2016, d’ainneoin na coimhínte thuasluaite, mar aon le coimhíntí eile a leagadh síos i gClár Rialtais an Fheidhmeannais 2011, chaith an Feidhmeannas vóta in éadan an moladh a bhí ag an Aire Cultúir, Ealaíona agus Fóillíochta ag an am go nglacfar leis an Straitéis don Ghaeilge.

Ar an 3ú lá de mhí an Mhárta 2017, in athbhreithniú breithiúnach a ghlac muid (Conradh na Gaeilge), rialaigh an Ard-Chúirt gur theip ar an Fheidhmeannas a ndualgas reachtúil a chomhlíonadh agus glacadh le Straitéis don Ghaeilge. Chomh maith leis seo ar fad, cuimsíodh Straitéis don Ghaeilge i gClár an Rialtais 2021, ach arís, níor glacadh leis. Tugadh dearbhú eile i mí Lúnasa 2022 gur sháraigh an Feidhmeannas Alt 28D d’Acht Thuaisceart Éireann, agus go raibh siad ag feidhmiú “go neamhdhleathach” de bhrí nár glacadh le Straitéis don Ghaeilge.

Rinne an Roinn Pobail Tuairisc de chuid an Phainéil Chomairligh Shaineolaigh (PCS) ar Straitéis don Ghaeilge mar chéad chéim sa phróiseas forbartha polasaithe. Déanann tuairisc an PCS neart moltaí maidir leis an Ghaeilge agus údaráis phoiblí, ina measc:

- Maidir le haon cheart a bhronnann reachtaíocht RNCCN, agus reachtaíocht eile Ghaeilge as seo amach, ar an duine an Ghaeilge a úsáid, nach mbeidh sin ag brath ar chumas an duine sin an Béarla a labhairt nó a thuiscint.
- Go nochtfar féiniúlacht chorparáideach an chomhlachta poiblí go dátheangach i gcónaí, sa dóigh go mbeidh ainm an chomhlachta, maille le gach faisnéis eile faoin chomhlacht, le feiceáil ar pháipéarachas, ar chártaí gnó nó ar fheithiclí, agus go mbeidh sin scríofa i nGaeilge agus i mBéarla araon agus litreacha na bhfocal a bheith ar aon mhéid sa dá theanga;
- Chomh fada agus is féidir, gur i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh aon chomhartha a úsáideann an comhlacht poiblí taobh istigh den fhoirgneamh, agus na litreacha a bheith ar cóimhéid sa dá theanga;
- Go mbainfidh suíomh idirlín an chomhlachta poiblí a oiread úsáide agus is féidir as an Ghaeilge agus go gcuirfidh sé gach eolas tábhachtach faoina chuid imeachtaí / seirbhísí ar fáil i nGaeilge;
- Go bhfoilseofar na cáipéisí seo a leanas go comhuaineach, i bhformáid chlóite agus i bhformáid leictreonach, i nGaeilge agus i mBéarla; - aon cháipéis a leagann amach moltaí i dtaca le beartais poiblí, go háirithe cáipéisí comhairliúcháin faoi reachtaíocht agus rialacháin; - aon tuarascáil bhliantúil; agus - aon phreasráiteas nó ráiteas foirmiúil eile a eisítear do lucht na nuachtán, lucht raidió nó lucht teilifíse, chomh maith leis na meáin shóisialta ar líne.
- A chinntiú, chomh fada is féidir, gur i nGaeilge chomh maith le Béarla a bheidh aon cháipéisí poiblí eile a ullmhaíonn an comhlacht poiblí;

- Maidir le haon cháipéisí poiblí nó aon ábhar clóite nó ar líne a ullmhaíonn an comhlacht poiblí i nGaeilge, go ndéanfar uasdátú, athfhoilsiú agus scaipeadh forleathan orthu ar an dóigh chéanna leis na leaganacha Béarla, sa dóigh nach mbeidh lucht na Gaeilge faoi aon mhíbhuntáiste;
- Go ndéanfar bearta cuí, soláthar an aistriúcháin chomhuainigh agus na hateangaireachta san áireamh, chun a chinntiú go mbeifear ábalta an Ghaeilge a úsáid ag cruinniú poiblí ar bith de chuid an chomhlachta agus nach mbeidh duine ar bith faoi mhíbhuntáiste má roghnaíonn sé/sí a leithéid a dhéanamh; agus
- Go gcloífidh gníomhaithe agus conraitheoirí de chuid aon chomhlachta phoiblí leis na míreanna seo thuas.

Tá roinnt mhaith de na moltaí seo go mór in easnamh i ndrúacht-pholasaí an Údarás Oideachais mar atá sé molta. Chuige sin, iarraidimid go gcuirtear moltaí an Phainéil Chomhairligh Shaineolaigh san áireamh amach anseo i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an pholasaí.

### **Moltaí Chonradh na Gaeilge chun an drúacht-pholasaí a thréisiú**

#### **Cúlra an pholasaí (1.1)**

Dar leis an drúacht-pholasaí go n-aithníonn an tÚdarás Oideachais a bhfreagrachtaí faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, Creat-choinbhinsiún um Chosaint na Mionlach Náisiúnta, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Airteagail 19 agus 27 den Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Sin ráite, agus mar atá aithníthe thuas i gcomhthéacs na haighneachta seo, tá neart gnéithe riachtanacha den dlí intíre agus de chonarthaí idirnáisiúnta nach bhfuil luaite i gcúlra an pholasaí agus a chuideodh go mór le comhlíonadh fhreagrachtaí an Údarás Oideachais ina n-iomláine.

Dá bharr, molaimid go gcuimsítear na gnéithe seo a leanas i gcúlra an pholasaí agus go n-aithníonn an tÚdarás Oideachais a bhfreagrachtaí fúthu ar fad agus go mbeadh sé mar aidhm ag an Údarás Oideachais na freagrachtaí seo ar fad a chomhlíonadh ina n-iomláine;

1. Comhaontú Aoine an Chéasta agus an dualgas reachtúil (1998)
2. Comhionannas, Dea-Chaidrimh agus Alt 75
3. Comhaontú Chill Rímhinn (2006)
4. Ré Nua, Cur Chuige Nua (2020)
5. 5ú Tuairisc Monatóireachta de chuid Saoneolaithe na hEorpa (2021)
6. Moltaí an Phainéil Chomhairleach Saineolaithe ar Straitéis don Ghaeilge (2022).

#### **Cuspóir an pholasaí (1.2)**

I dtús báire, mar atá aithníthe thuas, tá an tÚdarás Oideachais le moladh as an chur chuige réamhghníomhach a ghlac siad ag ullmhú agus ag cur an drúacht-pholasaí amuigh le haghaidh chomhairliúcháin agus iad ag déanamh réidh don reachtaíocht Ghaeilge. Leis sin ráite, tá cuspóir an pholasaí soiléir go bhfuil seans ann go ndéanfar uasdátú ar an pholasaí seo ar achtú na reachtaíochta Ré Nua, Cur Chuige Nua agus ar cheapadh an Choimisinéara Gaeilge, bunaithe ar na caighdeáin teanga dea-chleachtas. Ní fheictear dúinn cad is fiú an obair ar fad atá déanta ag an Údarás Oideachais go dtí seo más rud é go mbeidh an polasaí le huasdátú arís nuair a cheapfar an Coimisinéir Gaeilge de bhrí nach raibh an polasaí a cuireadh i bhfeidhm láidir nó forásach go leor. Chuige sin, molaimid go mbeadh sé mar

aidhm ag an pholasáí na hoibleaigídí dlíthiúla faoi mar atá luaithe sa Bhille Teanga (TÉ) (2022) a chomhlíonadh agus na caighdeáin teanga dea-chleachtais a chur i bhfeidhm.

Ní cleachtas é caighdeáin teanga nár chualathas iomrá orthu ariamh; tá siad i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag ó bhí 2011 ann agus tá neart samplaí de chaighdeáin teanga a bhí agus atá le comhlíonadh ag údaráis phoiblí ar nós an tÚdarás Oideachais sa Bhreatain Bheag ar féidir tarraingt orthu i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an pholasáí seo. Molaimid go láidir go mbaintear leas as an dea-chleachtas chun cinntiú nach obair in aisce a bhí i gceist le gach rud atá déanta go dtí seo.

Tá cuspóir an pholasáí féin soiléir nach bhfuil níos mó i gceist leis an pholasáí seo ná cuidiú le hoifigigh de chuid an Údarás Oideachais agus socruithe a éascú dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Is léir go bhfuil aon choimítmint do chur chun cinn agus cosaint na Gaeilge, mar aon le haon tagairt do riachtanais phobal na Gaeilge féin, go mór in easnamh i gcúspóir an pholasáí. Ba cheart go mbeadh seo i gcroílár aon pholasáí don Ghaeilge agus is údár mór díomá go ndéanann an pholasáí seo neamhaird air sin. Ba cheart seo a athrú láithreach.

Ní mór tabhairt faoi deara gurb é an gné is suntasaí atá ar iarraidh ó chuspóir an pholasáí Gaeilge seo ná aon tagairt do thiomantas nó coimítmint an Údarás Oideachais an dualgas reachtúil chun ‘an Ghaeloideachas a éascú agus a spreagadh a chomhlíonadh.’ Níl aon soláthar breise sa pholasáí seo a dhéanadh aon difear suntasach nó fiúntach d’earnáil an Ghaeloideachais. Ba cheart, mar shampla, go mbeadh sé cuimsithe i gcuspóir an pholasáí seo go mbeidh oifigigh de chuid an Údarás Oideachais in ann bheith ag plé le agus ag soláthar tacaíochta agus seirbhísí i nGaeilge d’earnáil na Gaelscolaíochta, go háirithe agus iad ag ple nó ag soláthar seirbhísí do na daltaí féin. Munar féidir leis an pholasáí seo freastal ar shainriachtanais an Ghaeloideachais, **molaimid go bhforbraíonn agus go gcuireann an ÚO polasaí ar leith don Ghaeloideachas i bhfeidhm ar bhonn práinneach.**

## **2.0 Raon an Pholasáí, an Nós Imeachta, na Treorach, nó an Phrótacail**

Cé go dtugann an dréacht-pholasáí le fios go n-aithníonn an tÚdarás Oideachais go bhfuil dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais ó thaobh an Ghaeloideachais de, tá débhríocht san fhoclaíocht féin maidir leis an fhreagracht atá ag an ÚO an dualgas reachtúil a chomhlíonadh. Aithnítear sa Tuairisc Bhliantúil ag an ÚO 2020-21 (an tuairisc is déanaí atá ar fáil ar an suíomh) go bhfuil cur i bhfeidhm an dualgas reachtúil i measc na haidhmeanna a bhfuil maoirseacht rialta á dhéanamh ag an bhord stiúrtha air:

*EA has established a Performance and Engagement Standing Committee as a standing committee of EA to support it on the oversight and monitoring of...*

*- the exercise of EA’s functions in relation to Irish Medium schools in the context of the Department’s duty to encourage and facilitate the development of Irish-medium education;*

Mar atá léirithe sna cásanna samplacha thuas, is éifeacht phraiticiúil atá i gceist leis an dualgas reachtúil, seachas ‘aird mar is cuí’, agus chuige sin, ba cheart go mbeadh tagairt éigin sa dréacht-pholasáí seo go bhfuil **dualgas** ar an Údarás Oideachais agus na

Comhlachtaí Páirtspheácha eile ní hamháin tacú leis an dualgas reachtúil, ach ba cheart go mbeadh sé mar aidhm acu é a chomhlíonadh ina iomláine.

Chuirge sin, molaimid go n-athraítear an fhoclaíocht ó:

*“Tá dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais forbairt na Gaelscolaíochta “a spreagadh agus a éascú” agus leis an dualgas seo ceanglaítear ar an Roinn Oideachais agus ar Chomhlachtaí Páirtspheácha eile tacú leis an dualgas seo a chomhlíonadh...” go;*

*“Tá dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais forbairt na Gaelscolaíochta “a spreagadh agus a éascú” agus leis an dualgas seo, áirítear an tÚdarás Oideachais agus na Comhlachtaí Páirtspheácha eile. Chuirge sin, tá sé mar aidhm againn agus de dhualgas orainn (an tÚdarás Oideachais) an dualgas seo a chomhlíonadh ina iomláine.”*

Luaitear chomh maith sa rannóg seo den dréacht-pholasaí go bhfuil,

*“... réimse leathan tacaíochtaí a gcur ar fáil ag an ÚO faoi láthair do na Gaelscoileanna agus d’Aonaid ar fad trasna na Stiúrthóireachtaí ar fad.”*

Ba cheart, i dtús báire, go mbeadh na tacaíochtaí seo ar fáil do Ghaelscoileanna agus d’Aonaid ar fad trasna na Stiúrthóireachtaí ar fad **trí mheán na Gaeilge**, rud nach bhfuil i gcónaí ar fáil ón Údarás Oideachais, **agus go mbeadh seo daingnithe i bpolasaí den chinéal seo**. Sna cásanna a bhíonn na tacaíochtaí ar fáil trí Ghaeilge, níos minice ná a mhalairt, bíonn moill shuntasach orthu i gcomparáid lena gcomhionann in earnáil an Bhéarla agus dá bharr, bíonn daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí Gaelscolaíochta faoi mhíbhuntáiste. De bhrí go bhfuil an dréacht-pholasaí seo ag plé le seirbhísí corparáidacha an Údarás Oideachais amháin, teipeann air dul i ngleic leis na constaicí agus na riachtanais ar leith atá ag earnáil na Gaelscolaíochta. Léiríonn an liosta cuimsitheach in Aguisín A den aighneacht seo na heasnaimh/bearnaí a bhí agus atá fós ann i soláthar an Údarás Oideachais d’earnáil na Gaelscolaíochta. Tá ceachtanna le foghlaim ó na cásanna ar fad thíos agus molaimid go láidir go gcuirtear na bearnaí atá le sonrú ón liosta sin, mar aon leis na moltaí forásacha eile atá déanta againn san aighneacht seo, i bhfeidhm ina n-iomláine sa pholasaí seo chun go ndéanfaidh sé difear suntasach, fiúntach d’earnáil na Gaelscolaíochta agus pobal na Gaeilge trí chéile.

### **Róil agus Freagrachtaí (3.0)**

Is soiléir ón dréacht-pholasaí eatramhach go dtiteann an chuid is mó den fhreagracht ó thaobh cur i bhfeidhm, ardú feasachta agus monatóireacht an pholasaí ar fhoireann an aonaid comhionannais. Molaimid, chuirge sin, i dtús báire go mbunaítear rannóg ar leith don Ghaeilge laistigh den Údarás Oideachais a bheadh freagrach as;

- cur chun cinn agus cosaint na Gaeilge laistigh den eagraíocht;
- oiliúint agus ardú feasachta chuí a chur ar fáil d’oifigigh an Údarás;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an pholasaí Gaeilge;
- fóram seachtrach a bhunú le heagraíochtaí agus grúpaí ábhartha Gaeilge le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus dea-chleachtas agus;
- uasdátú a dhéanamh ar an pholasaí de réir aiseolais inmheánach/ón fhóram seachtrach pobail.

Luann an dréacht-pholasaí go bhfuil an fhoireann chomhionannais freagrach as *‘an deis a thabhairt d’oifigigh de chuid an ÚO freastal ar oiliúint d[h]írithe’*, rud nach bhfuil iomlán fíor de réir an chuid eile den pholasaí. Dar leis nach mbeidh an oiliúint dhírithe ach curtha ar fáil ach do na hoifigigh sin laistigh den ÚO a bhfuil cúram ar leith acu ó thaobh an Ghaeloideachais/seirbhísí óige Gaeilge de; sna cásanna nach bhfuil, is gá do na hoifigigh ar suim leo tabhairt faoin oiliúint bhreise, is gá dóibh cead a lorg óna mbainisteoirí líne chun freastal. Chuige sin, molaimid go nglactar leis na moltaí s’againn thíos go mbíonn an oiliúint foirne ar an Ghaeilge riachtanach agus go dtugtar an deis ag oifigigh ar mian leo tabhairt faoi oiliúint bhreise laistigh d’uaireanta oibre. Bheadh seo ag teacht níos mó leis an ráiteas atá cuimsithe sa pholasaí.

Tá gné laistigh den rannóg seo den pholasaí chomh maith a luann go ndéanfaidh an fhoireann chomhionannais monatóireacht ar cé chomh éifeachtach is atá an pholasaí trí aiseolas. Gan plean gnímh/straitéis chuimsitheach a fhoilsiú in éineacht leis an pholasaí Gaeilge, ní soiléir cad é mar a dhéanfar monatóireacht ar rath an pholasaí. Ní luaitear chomh maith cad é mar a bhailítear an t-aiseolas, nó cé a bheas freagrach as an aiseolas seo a thabhairt. Tréisiúnn seo an moladh atá déanta thíos gur ceart don tÚdarás Oideachais fóram seachtrach a bhunú d’eagraíochtaí agus grúpaí ábhartha Gaeilge a thabharfaidh aiseolas leanúnach ar scóip agus tionchar an pholasaí.

#### **Ainmneacha pearsanta & seoltaí (4.1 & 4.2)**

Luann an dréacht-pholasaí go bhfuil an tÚdarás Oideachais anois sásta glacadh le hainmneacha pearsanta agus seoltaí i nGaeilge. Ní hamháin gur ceart glacadh leo, ach ba cheart fáilte a chur roimhe seo. Ba cheart don ÚO daoine a chur ar an eolas go bhfuil an rogha acu na leaganacha Gaeilge a úsáid, agus an feasacht sin a ardú trí phoiblíocht chuimsitheach a dhéanamh ar an ghné seo den pholasaí, bíodh sin ar na meáin shóisialta, trí ríomhphoist nó bileoga eolais.

#### **Comhfhreagras scríofa (4.3)**

Is dócha arís gurb é an chéad rud a sheasann amach faoin ghné seo den pholasaí ná nár ceart go gcaithfear le comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge ar bhealach ar bith difriúil ó chomhfhreagras Béarla. Tchítear arís sa chuid seo den dréacht-pholasaí go bhfuil an tÚdarás Oideachais ag maíomh go ‘nglacfaidh’ siad le comhfhreagras scríofa i nGaeilge. Mar ab ionann thuas, ba cheart go bhfáiltíonn siad roimh chomhfhreagras i nGaeilge; chuige sin, molaimid go n-athraítear an fhoclaíocht sa pholasaí reatha ó;

*“Glacfaidh an tÚdarás Oideachais le comhfhreagras scríofa i nGaeilge. Eiseofar admháil i nGaeilge taobh istigh de dhá lá oibre” go;*

*“Cuireann an tÚdarás Oideachais fáilte roimh chomhfhreagras scríofa i nGaeilge. Tabharfar freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras scríofa a fhaightear trí mheán na Gaeilge taobh istigh de dhá lá oibre.”*

Molaimid chomh maith go ndéanann am tÚdarás Oideachais poiblíocht chúil ar an ghné seo den pholasaí chun go mbeidh daoine ar an eolas go bhfáiltíonn siad roimh chomhfhreagras i nGaeilge. Ní dhéantar poiblíú go minic ar na seirbhísí Gaeilge a chuireann údarais phoiblí ar fáil; dá bharr, ní bhíonn pobal na Gaeilge ar an eolas gurb ann dóibh, agus ní bhíonn mórán daoine á n-úsáid dá bharr. Chuige sin, tá tábhacht ar leith cinntiú go leagfar síos na bunchlocha is láidre chun go mbeidh rath ar na seirbhísí dearfacha seo ón tús.



Níos tábhachtaí arís, mar atá luaithe thuas, níor ceart go gcaitear le comhfhreagrais a fhaightear i nGaeilge ar bhealach ar bith difriúil ó chomhfhreagrais i mBéarla. Faoin dréacht-pholasaí reatha, bheadh ar dhuine a scríobhann chuig an Údarás Oideachas i nGaeilge fanacht 15 lá (3 seachtaine oibre) ar fhreagra, i gcomparáid leis an 10 lá (2 sheachtain oibre) do chomhfhreagrais a fhaightear i mBéarla. Chuige sin, molaimid go n-athraítear an sprioc ama i dtaobh freagraí ar chomhfhreagrais substaitheacha i nGaeilge ó 15 lá go 10 lá, le go bhfuil sé ar chomh-leibhéal leis an tseirbhís Bhéarla.

Níor ceart go mbeadh caighdeán ard seirbhíse Gaeilge ag brath ar aistritheoirí agus ní hé an Mol Lárnach Aistriúcháin an t-aon rogha atá ag an Údarás Oideachais i dtaobh aistriúcháin. Nuair a d'fhreastail ionadaithe ó Chonradh na Gaeilge ar na seisiúin chomhairliúcháin a bhí á reachtáil ag an Údarás Oideachais i dtaobh an pholasaí i mí na Nollag 2022, agus mí Eanáir 2023, tugadh le fios go raibh iniúchadh ar bun ag an Údarás Oideachais ar chumas teanga na n-oibrithe reatha. **Is cleachtas é seo a bhfuil muid ag tacú go láidir leis, agus leoga ag moladh muid féin, a fhad is go mbaintear úsáid cheart as na torthaí.** Ba cheart go n-úsáidtear torthaí an iniúchadh chun na daoine a bhfuil cumas láidir acu sa Ghaeilge a aimsiú agus le toil na n-oibrithe sin, freagrachtaí úra a thabhairt dóibh ó thaobh na Gaeilge de (aistriúchán, ath-lonnú chuig an rannóg Ghaeilge, seirbhísí éadáin de chuid an ÚO). Ar an bhealach seo, ní gá don Údarás Oideachais daoine úra a earcú, ní bheadh an Mol Lárnach Aistriúcháin ar an t-aon rogha ó thaobh aistriúcháin de agus bheadh an tÚdarás Oideachais in ann cloí leis an sprioc de 10 lá.

#### **Scairteanna gutháin agus glórphost (4.4)**

Arís eile, tá sé ríthábhachtach go mbíonn daoine ar an eolas go bhfuil an rogha acu an tseirbhís ghutháin a fháil i nGaeilge. Chuige sin, molaimid go gcuirtear cur chuige an tairsceana gníomhaí i bhfeidhm; ba cheart, ag an pointe is luaithe teagmhála, go gcuireann an ÚO an duine a chuir an scairt ar an eolas gur féidir leo an tseirbhís a fháil trí Ghaeilge. Chomh maith leis seo, is gá don Údarás Oideachais poiblíocht chúí a dhéanamh go rialta ar an ghné seo den pholasaí ar na meáin shóisialta, trí ríomhphost agus bileoga chun go mbeidh daoine ar an eolas gurb ann dó.

Ón iniúchadh atá faoi lán seoil ar chumas na n-oibrithe, molaimid, arís le toil na n-oibrithe i gceist, go ndéantar cuid de na daoine a bhfuil cumas láidir acu sa teanga a athlonnú chuig ról a mbíonn teagmháil rialta acu leis an phobal, agus go mbíonn siad in ann scairteanna gutháin a ghlacadh. Ar an bhealach seo, nuair a dhéantar an tairscint láithreach don duine ar an ghuthán don tseirbhís trí Ghaeilge agus má ghlacann siad leis an tairscint, tá seans níos fearr ann go mbeidh an oibrí in ann leanúint ar aghaidh leis an chomhrá trí Ghaeilge láithreach ansin. Ní bheidh ar an úsáideoir seirbhíse fanacht ar dhuine éigin scairteadh ar ais orthu. Muna bhfuil duine le Gaeilge ar fáil ag am na scairte, ba cheart go ndéanann an oibrí gach iarracht duine éigin a aimsiú ar féidir bheith ag plé leis an duine ar an ghuthán i nGaeilge. Nuair nach bhfuil sin indéanta, agus nuair nach bhfuil aon rogha eile ann, ba cheart go dtabharfar an deis dóibh leanúint ar aghaidh leis an chomhrá i mBéarla, nó teachtaireacht a fhágáil ar an ghlórphost. Níor ceart, i ndiaidh don úsáideoir seirbhíse glórphost a fhágáil i nGaeilge, go gcuirfeadh scairt ar ais orthu i mBéarla. Ba cheart na socruithe cuí a dhéanamh chun freastal ar rogha teanga an úsáideora; sa chás seo, i nGaeilge. Chuige sin, molaimid an fhocláocht a leanas don ghné seo den pholasaí:

*(i) Fiafrófar daoibh ar mhaith leo a bheith aistrithe go glórphost mar ar féidir leo teachtaireacht a fhágáil. **Rachaidh an toifigeach cuí ar ais i dteagmháil leis an úsáideoir seirbhíse i nGaeilge taobh istigh de thrí lá oibre tar éis don teachtaireacht a bheith fágtha. Muna bhfuil Gaeilge ag an oibrí, déanfaidh an tÚdarás Oideachais an socrú cuí (ball eile foirne le Gaeilge, aistritheoir seachtrach) chun cinntiú go leanfar suas leis an úsáideoir seirbhíse trí mheán na Gaeilge.***

#### **Cruinnithe aghaidh ar aghaidh (4.5)**

Mar atá aithnithe thuas, molaimid go n-úsáidtear torthaí ón iniúchadh ar chumas teanga na n-oibríthe chun na daoine a bhfuil cumas láidir acu sa Ghaeilge a athlonnú in áiteanna cosúil leis an oifig fáilte; ar an bhealach seo, bheadh siad in ann bheith ag plé leis an úsáideoir seirbhíse láithreach trí Ghaeilge. Muna bhfuil Gaeilge ag an oibrí ag am an chruinnithe, ba cheart go rachadh siad sa tóir ar dhuine eile laistigh den ÚO a bhfuil Gaeilge acu agus ar féidir leo cuidiú leis an úsáideoir seirbhíse. Sa chás nach bhfuil duine ar bith eile ar fáil agus nuair nach bhfuil aon rogha eile ann, is ansin ar ceart go dtabharfar an rogha don úsáideoir seirbhíse;

- Coinne a shocrú leis an Údarás Oideachais nó;
- Leanúint ar aghaidh leis an chomhrá i mBéarla.

Sna cásanna a bhfuil laigí nó bearnaí i soláthar seirbhíse Gaeilge an Údaráis Oideachais, molaimid go dtabharfar faoi fheachtas ceapacháin agus go mbeadh daoine cumas láidir sa Ghaeilge mar chritéir inmhianaithe sa phróiseas ceapacháin le gur féidir leo na bearnaí reatha a líonadh agus cur leis an soláthar seirbhíse trí Ghaeilge.

Nuair atá coinní á socrú ag úsáideoirí seirbhíse leis an Údarás Oideachais, molaimid arís go mbaintear úsáid as an tairscint ghníomhach; ag an pointe is luaithe teagmhála leis an Údarás Oideachais, go gcuirfeadh an úsáideoir seirbhíse ar an eolas go bhfuil an rogha acu an coinne a dhéanamh trí Ghaeilge, agus go ndéanfaidh an tÚdarás na socrúithe cuí chun freastal orthu siúd ar mian leo seo a dhéanamh. Ar an bhealach seo, ardófar feachtas faoi sheirbhísí Gaeilge an Údaráis agus déanfar freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge.

#### **Aistriúcháin (4.6)**

Tá scóip na gcáipéisí atá molta ag an ÚO le haistriúchán a dhéanamh orthu i bhfad ró-ghonta; áit a mbeidh tionchar ag an cháipéis ar dhaoine, beidh tionchar aige ar an teanga. Molaimid go láidir go mbeadh na háiseanna agus na hacmhainní uilig a chuireann an ÚO ar fáil atá dírithe ar pháistí, tuismitheoirí, oidí agus scoileanna ar fáil trí Ghaeilge láithreach ag an am céanna lena gcomhionann Béarla, gan iarratas. Molaimid fosta go mbeadh na haistriúcháin Ghaeilge d'áiseanna a chuireann an ÚO ar fáil do scoileanna agus do pháistí oiriúnach don aoisghrúpa agus go mbíonn saineolas ag an aistritheoir air seo.

Is mór is fiú a aithint go bhfuil dhá theanga i gcóras oideachais an tuaiscirt agus go bhfuil gá freastal ar riachtanais na bpobal áirithe sin; ach mar atá léirithe thíos in Aguisín A, tá neart samplaí de chásanna nuair a bhí moill ar cháipéisí agus achmhainní de chuid an Údaráis Oideachais a aistriú do phobal na Gaeilge, rud a dhéanann neamhaird iomlán ar an dualgas reachtúil agus a fhágann páistí an Ghaeloideachais go mór faoi mhíbhuntáiste. Chuige sin, agus mar thúsphointe, molaimid go n-aithnítear na háiseanna reatha is coitianta agus is mó úsáide ag an scoilphobal trí chéile, mar aon leis na cáipéisí is coitianta agus is mó úsáide ag an ghnáthphobal, agus go gcinntítear go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil do phobal na Gaeilge; seasann an cur chuige seo le gach nua-fhoilseacháin de chuid an ÚO amach anseo.

Níor cheart go bhfoilsítear leagnacha Béarla de cháipéis ar bith de chuid an ÚO roimh an leagan Gaeilge agus níor cheart go n-úsáidtear gantannas ar aistritheoirí mar leithscéal chun é seo a dhéanamh. Tá an cás déanta againn thuas nárbh é an Mol Lárnach Aistriúcháin an t-aon rogha le haghaidh aistriúcháin - má tá daoine ar an fhoireann a bheadh ábalta aistriúcháin bhunúsacha a chur ar fáil, ba cheart go mbaintear leas astu. Sa bhreis air sin, tá liosta d'aistritheoirí faofa ag an ÚO gur féidir leas a bhaint as. Ní mór díriú ar gach áis a chur ar fáil comhthreomhar ar bhonn cuimsitheach de réir a chéile. Sin ráite, tuigtear dúinn go mbeidh am de dhíth chun an infreastruchtúr a thógáil chun an aidhm seo a fhíorú ar bhonn forchéimnitheach. San idirlinn, ní mór tosaíochtaí a dhéanamh de réir:

1. Áiseanna foglamtha dírithe ar pháistí scoile;
2. Áiseanna tacaíochta do mhúinteoirí agus oidí;
3. Áiseanna agus acmhainní do thuismitheoirí agus;
4. Caipéisí rialaithe agus eile do scoileanna.

Chomh maith leis seo, níl an méid ama atá luaite chun freagra a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaightear trí Ghaeilge sásúil ar chor ar bith; mar atá pléite againn níos luaithe san aighneacht seo, ba cheart go mbeadh seo ar chomh-leibhéal leis an tseirbhís Bhéarla. Moltar go dtiteann an fhreagracht seo ar an Aonad úr Gaeilge, a mbeidh saineolas agus tuiscint acu ar a leithéid, seachas ar an fhoireann chomhionannais. Moltar fosta go gcuireann an Aonad úr Gaeilge treoir shoiléir don eagraíocht trí chéile ar ullmhúcháin agus ar sholáthar áiseanna de gach saghas. Ní mór don treoir seo a bheith fréamhaithe sa dea-chleachtas agus bunaithe ar chomhairle shainiúil ó Chomhairle na Gaelscolaíochta. Ba chóir meamram tuisceana a aontú idir an Údarás Oideachais agus Comhairle na Gaelscolaíochta a leagann amach an treoir agus comhairle a chuirfidh Comhairle ar fáil don ÚO maidir le polasaithe agus eile a imríonn tionchar ar an Ghaeloideachas agus pobal na Gaeilge trí chéile.

#### **Oiliúint agus Feasacht Foirne (4.7)**

Luaitear sa rannóg seo den pholasaí nach bhfuil an oiliúint, atá bunaithe ar ardú feasachta don Ghaeilge, a chuirtear ar fáil don fhoireann mar chuid den chlár bliantúil oiliúna riachtanach. Ní fheictear dúinn cén fáth nár ceart go mbeadh tuiscint ag gach oibrí ar ról an EA i gcomhlíonadh na ndualgas dlíthiúla, an Ghaelscolaíocht agus an creatlach dlí, go háirithe óir go mbeadh buntáiste mór aige ó thaobh ardú feasachta agus caoinfhulaingt de. Molaimid, i dtús báire, go mbeadh an cúrsa seo creidiúnaithe ag Foras na Gaeilge, mar shampla, chun cinntiú go bhfuil sé oiriúnach agus dírithe ar na gnéithe cuí. Molaimid chomh maith go mbeadh an oiliúint Ghaeilge riachtanach do gach oibrí laistigh den Údarás Oideachais, agus go dtabharfar faoin oiliúint seo **ar a laghad** uair amháin sa bhliain.

Ba cheart fosta go mbeadh an deis ag oibríthe tabhairt faoin ríomhfhoghlaim bhreise a chuirfidh an tÚdarás Oideachais ar fáil mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil, agus go mbeadh an traenáil seo creidiúnaithe ag Comhairle na Gaelscolaíochta, mar shampla, ceimnithe agus dírithe go sonrach ar sholáthar seirbhíse trí Ghaeilge, seachas ar bhunchomhrá agus frásaí mar atá molta sa pholasaí. B'fhéarr i bhfad go gcuirfeadh an oiliúint seo le hábaltacht na n-oifigeach chun seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil don phobal agus tá seo ar na bealaí is fearr agus is fusa chun an sprioc sin a bhaint amach. Úsáidtear Teastas Eorpach na Gaeilge ó dheas chun na scrúduithe cumais a chur ar fáil laistigh den státchóras agus bheadh fiúntas agus ciall leis an chur chuige d'oibríthe an Údaráis Oideachais.

Má bhíonn foireann laistigh den Údarás Oideachais ag plé le sóláthar seirbhísí do Ghaelscoileanna, ba cheart go mbeadh sé riachtanach go ligfear dóibh tabhairt faoin traenáil seo le linn uaireanta oibre. Níor cheart go luifeadh an cinneadh ariamh le duine amháin, sa chás seo leis an bhainisteoir líne; ar an tslí seo, is ar dhea-thoil dhuine a bhfuil tú ag brath seachas ar pholasaí a leagann amach na teoracha go soiléir. Chuige sin, molaimid go n-athraítear an abairt a leanas ó;

*“Má tá baint dhíreach ag an fhoireann le seirbhísí a chur ar fáil do Ghaelscoileanna nó le seirbhísí óige, táthar ag súil leis go dtabharfaidh bainisteoirí líne roinnt ama don fhoireann chun dul faoin oiliúint seo” go;*

*“Má tá baint dhíreach ag an fhoireann le seirbhísí a chur ar fáil do Ghaelscoileanna nó le seirbhísí óige, **bronnfar an t-am cuí orthu chun tabhairt faoin oiliúint seo laistigh d’uaireanta oibre.**”*

Sna cásanna nach bhfuil baint dhíreach ag oibrithe san ÚO le Gaelscoileanna nó seirbhísí óige Gaeilge, ach a bhfuil suim acu tabhairt faoin chúrsa ríomhfhoghlama, níor cheart go mbeadh ualach ar bith breise orthu. Ní hamháin gur cheart, mar sin, go mbeadh rochtain acu ar an chúrsa ríomhfhoghlama le linn uaireanta oibre, ach ba cheart go mbeadh siad in ann tabhairt faoin oiliúint le linn uaireanta oibre.

Ní leor é go ndéarfadh an polasaí go n-ardóidh an tÚdarás Oideachais feasacht ar an Ghaeilge ‘ó am go chéile’ mar i dtús báire go bhfuil débhríoch ag baint leis, agus de bhrí gur cur chuige íosrach é. Ba cheart go mbeadh an tÚdarás bródúil as na seirbhísí úra agus as an scoilphobal Gaeilge agus go mbeadh siad ag iarraidh iad seo a chur chun cinn. Chuige sin, molaimid go mbeadh plean straitéiseach, dátheangach ardaithe feasachta ag an Údarás Oideachais atá dírithe ar an Ghaelscolaíocht agus ar na seirbhísí Gaeilge a chuireann an tÚdarás Oideachais ar fáil.

*“Ó ham go chéile ardófar feasacht ar an Ghaeilge, i dtaca leis an dóigh a mbaineann sí leis an Ghaelscolaíocht agus le Seirbhísí an ÚO trasna bhealaí cumarsáide an ÚO agus go himmheánach i measc na foirne” go;*

*“Tabharfaidh an tÚdarás Oideachais faoi phlean straitéiseach poiblíochta agus margáíochta chun feasacht a ardú faoin Ghaelscolaíocht agus faoi na seirbhísí Gaeilge a chuireann an tÚdarás Oideachais ar fáil. Déanfar an fheasacht seo a ardú **go dátheangach** ar bhealaí cumarsáide an ÚO (ríomhphoist, bileoga eolais, ar shuíomh idirlín agus ar na meáin shóisialta) agus go himmheánach i measc na foirne.”*

#### **Polasaí agus Cinnteoireacht (4.8)**

Fáiltimid go mór go bhfuil an tÚdarás Oideachais chun an tionchar a bheas ag cinntí ar sholáthar sheirbhísí Gaelscolaíochta a mheas agus iad ag forbairt seirbhísí nó pleanáil straitéiseach. Leis sin ráite, ba cheart, mar aon leis na gnéithe seo, go gcuirfead deiseanna úsáide/feiceálachta na Gaeilge san áireamh agus an tÚdarás Oideachais ag déanamh measúnuithe ar aon polasaí úr/uasdátaithe, aon tionscadal úr agus aon chleachtas. Is cleachtas darb ainm ‘scagadh teanga’ atá i gceist leis seo; cinntíonn sé nach mbíonn drochthionchar ag aon pholasáí/tionscadal/cleachtas ar dheiseanna úsáide, feiceálachta nó

cur chun cinn na Gaeilge agus go gcuirtear na gnéithe seo san áireamh ag an fíor-thús. Is cleachtas é seo atá i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag.

Is iontach an rud é go luaitear go bhfuil páistí agus daoine óga á gcur i gcroílár na cinnteoireachta, go háirithe daltaí agus daoine óga a bhfuil Gaeilge acu. Leis sin ráite, ní hamháin gur ceart go n-éascófar rannpháirtíocht struchtúrtha le páistí agus daoine óga a bhfuil Gaeilge acu, ach ba cheart go mbeadh seo á dhéanamh **trí mheán na Gaeilge**. Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go mbíonn drochthionchar ag measúnuithe má dhéantar iad i dteanga nach an teanga scoile é; dá ndéanfadh an tÚdarás Oideachais plé leis na daoine óga seo trí mheán na Gaeilge, bheadh seans níos láidre ann go dtabharfaidh na páistí níos mó airde agus go mbeadh siad níos rannpháirtí sa phróiseas trí chéile i gcomparáid le cur chuige trí mheán an Bhéarla.

Chomh maith leis seo, nuair a dhéanfar plé le páistí Gaelscolaíochta trí mheán an Bhéarla, imríonn sé tionchar, in amanna go fo-chomhfhiosach, ar an dearcadh atá acu ar an Ghaeilge. Léirítear dóibh go bhfuil údarás agus tábhacht ag baint leis an Bhéarla agus iad sa saol poiblí agus nach bhfuil fáilte roimh nó meas ar an teanga. Leis seo ar fad san áireamh, molaimid go n-athraítear;

*“I measc an phróisis rannpháirtíochta le haghaidh daoine óga a mhealladh, beidh rannpháirtíocht éascaithe struchtúrtha le páistí agus le daoine óga a bhfuil Gaeilge acu” go;*

*“I measc an phróisis rannpháirtíochta le haghaidh daoine óga a mhealladh, beidh rannpháirtíocht éascaithe struchtúrtha **ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí agus daoine óga a bhfuil Gaeilge acu.**”*

### **Faireachán (6.0)**

Tá doiléireacht ar leith ag baint leis an dóigh a dhéanfar monatóireacht ar an pholasaí seo; ní fios go díreach cé a bheas freagrach as an mhonatóireacht a dhéanamh, nó fiú cén dóigh dhéanfar monatóireacht ar an pholasaí. Mar atá luaite thuas, níor ceart go mbeadh an rannóg chomhionannais freagrach as an pholasaí Gaeilge; dá mbeadh aonad Gaeilge ar leith laistigh den Údarás Oideachais, bheadh oifigigh ann a mbeadh an Ghaeilge mar chroílár dá gcuid oibre agus mar thosaíocht acu in achan rud a dhéanann siad. Is cur chuige é seo a mbeadh an iliomad buntáistí ag baint leis.

Ba cheart go mbeadh tionchar an pholasaí seo á mheas go leanúnach agus go rialta leis na daoine a mbeadh an tionchar is mó ag an pholasaí orthu (sa chás seo, earnáil na Gaelscolaíochta agus pobal na Gaeilge). Chuige sin, molaimid go mbunófar fóram seachtrach le hearnáil na Gaelscolaíochta agus le pobal na Gaeilge, arbh fhéidir leis an Aonad úr Gaeilge laistigh den Údarás Oideachais rúnaíocht a dhéanamh air agus go mbeadh eagraíochtaí ábhartha ar nós Comhairle na Gaelscolaíochta agus Fóram na nÓg mar bhaill den fhóram.

Ba cheart go dtabharfaidh an fóram seo an deis do na heagraíochtaí seo plé fiúntach a dhéanamh ar thionchar agus ar chomhlíonadh an pholasaí, agus go dtabharfar an spás agus an chumhacht dóibh moltaí a dhéanamh chun an polasaí a láidirí, bunaithe ar a dtaithe féin. Molaimid go mbuailfeadh an fóram seo ar a laghad ceithre huair sa bhliain (uair gach ráithe).

### **Gnéithe atá in easnamh sa dréacht-pholasaí**

Mar atá luaite ag tús an aighneachta seo, tá scóip an pholasaí seo ar na laigí is suntasaí; tá neart gnéithe/soláthairtí a mbeadh muid ag súil leo i bpolasaí Gaeilge cuimsitheach ach atá in easnamh sa pholasaí seo. Dá gcuirfí an dréacht-pholasaí seo i bhfeidhm mar atá faoi láthair, tá muid muiníneach nach ndéanfadh sé mórán de dhífear don phobal agus nach mbeadh sé ag teacht le dea-chleachtas na bpolasaithe forásacha Gaeilge in údarais phoiblí eile, sna comhairlí áitiúla, mar shampla. Seo thíos roinnt moltaí nach bhfuil cuimsithe sa dréacht-pholasaí seo ach a thréiseodh tionchar an pholasaí féin. Molaimid go hoifigiúil go gcuirtear i bhfeidhm gach ceann de na moltaí thíos.

### **Scagadh ar an pholasaí de réir;**

#### **(a) Comhlíonadh an dualgais reachtúil chun an Gaeiloideachas ‘a spreagadh agus a éascú’**

#### **(b) Deiseanna úsáide, feiceálachta agus chur chun cinn na Gaeilge**

Molaimid go láidir go ndéanann an tÚdarás Oideachais scagadh ar a bpolasaithe, cleachtas, nósanna imeachta agus tionscadail reatha agus úra chun cinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh an dualgais reachtúil i dtaobh an Ghaeiloideachais. Chinnteodh seo go raibh riachtanais ar leith an Ghaeiloideachais san áireamh ón dearadh go dtí an cur i bhfeidhm agus go ndéantar na socruithe cuí chun freastal ar an earnáil in achan gné en pholasaí/cleachtas/nós imeachta agus tionscadal. Níor ceart go gcuirfead aon cheann de na rudaí thuasluaite i bhfeidhm má tá sé d’acmhainn acu ar bhealach ar bith drochthionchar a imirt ar earnáil an Ghaeiloideachais.

Is amhlaidh an moladh atá againn go ndéanfar scagadh ar pholasaithe/cleachtas/nósanna imeachta agus tionscadail reatha agus úra maidir leis an tionchar atá acu ar dheiseanna úsáide, feiceálachta agus chur chun cinn na Gaeilge. Níor ceart go mbeadh aon drochthionchar ag polasaí, cleachtas, nós imeachta nó tionscadal de chuid an Údarás Oideachais ar an Ghaeilge nó ar phobal na Gaeilge; ba cheart go gcuirtear deiseanna úsáide/feiceálachta agus chur chun cinn na Gaeilge san áireamh ar bhonn straitéiseach agus na polasaithe reatha agus úra á fhorbairt agus a úasdátú. Bheadh an moladh seo ag teacht le caighdeán teanga na Breataine Bige inár gá d’údarais phoiblí tionchar na bpolasaithe nó na gcinntí a mheas de réir dheiseana úsáide na Breataine.

### **Brandáil/Comharthaíocht/Féiniúlacht Chorparáideach**

Molaimid go nglacann an tÚdarás Oideachais le féiniúlacht chorparáideach, úr dhátheangach (Gaeilge/Béarla) agus go mbeadh an lógó dátheangach in úsáid mar phríomhlógó an Údarás Oideachais agus in úsáid ar fhoilseacháin, stáiseanóireacht agus comhfhreagrais oifigiúla agus ar fheithiclí de chuid an Údarás Oideachais. Molaimid go gcuirfead an leagan aonteangach (Béarla amháin) den lógó ar fáil do dhuine ar bith a fhiafraíonn é. Tá na moltaí seo ar fad ag teacht le moltaí an phainéil chomhairleach saineolaithe ar an Straitéis Ghaeilge (moladh 2.21), le treoirlínte Fhoras na Gaeilge agus le caighdeán teanga na Breataine Bige ar chomhghreagrais agus margáíocht.

Molaimid fosta go mbeadh sé mar aidhm ag an pholasaí seo feiceálacht na Gaeilge a mhéadú agus go mbeadh comharthaí dátheangacha laistigh agus lasmuigh ar fhoirgnimh, in oifigí agus ar chomharthaí treo in áitreabh ar bith de chuid an Údarás Oideachais.

### **Tairiscint ghníomhach**

Molaimid go hoifigiúil agus go láidir go mbaineann an tÚdarás Oideachais úsáid as múnla na

tairsceana gníomhaí; chun go n-éireoidh leis na seirbhísí úra Gaeilge, ba cheart, ag an phointe is luaithe teagmhála leis an tÚdarás Oideachais, go gcuirfear an úsáideoir seirbhíse ar an eolas láithreach má tá an tseirbhís/cáipéis ar fáil i nGaeilge. Níor cheart don tÚdarás Oideachais glacadh leis go mbíonn gach úsáideoir seirbhísí ar an eolas maidir le gach seirbhís atá nó nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge roimh ré. Is gá na seirbhísí Gaeilge atá agaibh a thairiscint go gníomhach ag tús aon phlé nó ag tús idirghnímh leis an duine féin. Fághtar an rogha, mar sin, leis an duine agus ar a laghad, beidh tuiscint acu go bhfuil rogha le déanamh acu, agus go bhfuil deis acu an Ghaeilge a úsáid, más mian leo. Luíonn an fhreagracht ar an soláthóir seirbhíse chun an rogha sin a chur ar fáil agus a fhógairt **ón tús**. Tá an moladh seo ag teacht le moltaí an phainéil chomhairleach saineolaithe ar an Straitéis Ghaeilge (moladh 2.8) agus le caighdeáin teanga na Breataine Bige maidir le soláthar seirbhísí.

Molaimid mar aon leis an tairiscint ghníomhach, go bhforbraíonn agus go gcuireann an tÚdarás Oideachais i bhfeidhm plean cuimsitheach margadóchta agus poiblíochta chun na seirbhísí Gaeilge atá acu a chur chun cinn. Chun go mbeidh rath ar na seirbhísí úra Gaeilge, is gá go mbíonn daoine ar an eolas gurb ann dóibh. Molaimid go mbaintear úsáid as físeáin agus grafaicí dátheangacha ar shuíomh idirlín agus ar mheáin shóisialta an tÚdarás Oideachais, mar aon le bileoga eolais agus ríomhphoist inmheánacha agus seachtracha chun feasacht a ardú ar sholáthar Gaeilge an tÚdarás. Tá an cur chuige seo ag teacht le moladh an phainéil chomhairleach saineolaithe ar an straitéis Ghaeilge.

### **Suíomh idirlín**

Molaimid go bhforbraíonn agus go gcaomhnaíonn an tÚdarás Oideachais suíomh idirlín go hiomlán dátheangach agus go mbainfear úsáid as cur chuige na tairsceana gníomhaí chun an rogha teanga (Gaeilge/Béarla) a thabhairt don úsáideoir ar chliceáil an suíomh dóibh. Tá an córas seo i bhfeidhm ar shuíomh idirlín Chomhairle na Gaelscolaíochta. Tá an moladh seo ag teacht le moltaí an phainéil chomhairleach saineolaithe ar an straitéis Ghaeilge (moladh 2.21) agus le caighdeáin teanga na Breataine Bige ar sholáthar seirbhísí.

Molaimid chomh maith go mbaintear úsáid as meáin shóisialta an tÚdarás Oideachais chun feiceálacht na Gaeilge a mhéadú, mar aon le poiblíú a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge an tÚdarás. Molaimid go gcuirfear gné breise leis an cháipéis ‘treoirínthe mheáin shóisialta’ an tÚdarás Oideachais, faoin rannóg ‘freagrachtaí’, chun tagairt a dhéanamh de dhualgas an tÚdarás Oideachais i gcomhlíonadh an dualgais reachtúil i leith an Ghaeloideachais agus i gcomhlíonadh an Achta Féiniúlachta agus Teanga (2022). Molaimid fosta go mbíonn rannóg faoi leith ar leathanach baile an tÚO a threoraíonn cuairteoirí chuig eolas faoin Ghaeloideachas agus faoi pholasaí agus aonad Gaeilge an tÚO trí chéile.

Ba cheart fosta go bhfáilteodh an tÚdarás Oideachais roimh chomhfhreagras trí Ghaeilge ar a leathanaigh meáin shóisialta chomh maith. Ar an bhealach céanna is atá molta againn le haistriúchán ar cháipéisí, ba cheart go ndéanfar postálacha atá ag roinnt eolais do pháistí, tuismitheoirí agus scoileanna go dátheangach, gan aon cheist. Molaimid ansin go bhforbraítear agus go gcuirfear i bhfeidhm straitéis chuimsitheach meáin shóisialta chun postálacha rialta, dátheangacha a chur amach;

- (a) Chun feasacht a ardú faoin Ghaeilge agus faoin Ghaeloideachas agus;
- (b) Chun poiblíocht a dhéanamh na seirbhísí Gaeilge a chuireann an tÚdarás Oideachais ar fáil.
- (c) Chun cur in iúl do dhaoine go bhfáiltítear roimh chomhfhreagras trí Ghaeilge ar na

meáin shóisialta.

### **Stráitéis / Plean Gnímh don Pholasáí**

Molaimid go láidir go bhfoilsítear plean gnímh, nó straitéis maidir le cur i bhfeidhm an pholasáí, in éineacht leis an pholasáí seo a leagann amach go soiléir cén rannóg laistigh den Údarás Oideachais atá freagrach as na gnéithe éagsúla a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh spriocdhátaí soiléire luaite le gach pointe gnímh laistigh den pholasáí a leagann síos go soiléir cén uair ar ceart go mbeadh siad i bhfeidhm. Agus monatóireacht á dhéanamh ar an pholasáí (i gcomhar leis an fhóram seachtrach mar atá molta againn ar a laghad 4 huaire sa bhliain), tabharfaidh sin léargas ar chur i bhfeidhm agus tionchar na bpointí gnímh, agus beidh an deis ag an fóram aischothú leanúnach a thabhairt le linn an phróisis. Molaimid go gcuirtear aischothú an fhórait san áireamh in aon uasdátú a dhéanfar ar an pholasáí.



## Aguisín A

Ábhar	Áisíneacht atá freagrach	Fadhbanna
<b>Áiseanna</b>		
<p><b>‘Acmhainní ar fáil in 11 teanga’ (23/04/20)</b>  <a href="https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-52391304">https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-52391304</a></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Foilsíodh acmhainní ar shuíomh idirlín an ÚO in 11 teanga, agus níor cuimsíodh an Ghaeilge. Nuair a tógadh an cheist, cuireadh leagnacha Gaeilge ar fáil, ach sa chuid is mó de na cásanna, níor aistríodh ach na treoracha, agus ní na hacmhainní féin. I gcásanna eile, bhí na haistriúcháin chomh holc sin nárbh fhéidir iad a úsáid.</p>
<p><b>IXL (11/07/20)</b>  <a href="https://www.irishnews.com/news/education/news/2020/07/11/news/free-online-learning-t-o-help-transfer-test-pupils-catch-up--2002587/">https://www.irishnews.com/news/education/news/2020/07/11/news/free-online-learning-t-o-help-transfer-test-pupils-catch-up--2002587/</a></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>D’fhógair an tAire gur ceart go mbeadh fáil ag daltaí Rang a 6 ar bhogearraí darb ainm IXL chun ligint dóibh cleachtadh breise a dhéanamh i litearthacht agus uimhearthacht. Bhí seo ar fáil i mBéarla amháin. Aimsíodh acmhainn a bhí ar fáil i nGaeilge, Just2Easy, ach go dtí seo, níl fáil ag na Gaelscoileanna ar an áis seo.</p>
<p><b>“Welcome Back to School” - Áiseanna Bunscoile (26/08/20)</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Cuireadh áis le chéile chun tacú le daltaí agus iad ag teacht ar ais chun na scoile i mí Mheán Fómhair 2020. Níor cruthaíodh aon leagan Gaeilge. Fágadh faoin earnáil fein é teacht ar aistritheoirí agus cuireadh an áis a chur ar fáil coicís mall.</p>

<p><b>“Ag tacú le Folláinte tríd an Oideachas” - áiseanna ar thairseach SDS (26/08/2020)</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Dáileadh seo ar mhúinteoirí trí bhunachar lárnach áiseanna a chuir foinsí seachtracha le chéile den chuid is mó. Ní raibh ach dornán beag dóibh siúd ar fáil trí mheán na Gaeilge ach ní raibh iontu ach cur i gcéill.</p> <p>Thánagthas ar áis ar leith d’iar-bhunscoileanna darb ainm ‘Reconnect and Rise’ ach níor cuireadh aon leagan Gaeilge ar fáil.</p> <p><a href="https://www.eani.org.uk/information-for-children-and-young-people">https://www.eani.org.uk/information-for-children-and-young-people</a></p>
<p><b>Suíomh idirlín Supporting Learning (Lúnasa 2020-)</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>D’ainneoin go bhfuil freagracht ar leith ag oifigigh de chuid an ÚO maidir leis seo, is iad Comhairle na Gaelscolaíochta, foras ionadaíochta na Gaelscolaíochta in Éirinn ó thuaidh, a rinne bunús na hoibre ar an rannóg Ghaeilge don suíomh.</p>

<p><b>Áiseanna folláinte (Níor tugadh cuireadh ionadaíochta don Ghaeloideachais go dtí 17/09/2020)</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Tá réimse leathan d'áiseanna á gcur ar fáil fríd an fhóram seo ach níor cuireadh aon leagan sásúil Gaeilge ar fáil. Nuair a ardaíodh an cheist, dúradh gur féidir na háiseanna a úsáid ag baint úsáide as an bhogearraí 'Browsealoud'. Níl an bogearraí fóirsteánach do riachtanais an Ghaeloideachais agus cuireadh seo in iúl ach go dtí seo, níor réitíodh an fhadhb.</p>
<p><b>Nuachtlitir High 5</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Thug an ÚO coimhlint go mbeadh gach áis a bhí dírithe ar dhaltáí scoile á cur ar fáil i nGaeilge ag an am céanna leis na háiseanna Béarla. Níor cuireadh aon leagan Gaeilge ar fáil den nuachtlitir High 5 agus nuair a rinneadh teagmháil leis an ÚO maidie leis seo, dúradh leis an earnáil "nach raibh orthu" é a aistriú.</p>
<p><b>Áiseanna um Sheirbhísí Lithearthachta</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Tá na háiseanna ar fad ón tseirbhís seo ar fáil i mBéarla amháin:  <a href="https://www.eani.org.uk/services/pupil-support-services/literacy-service">https://www.eani.org.uk/services/pupil-support-services/literacy-service</a></p>
<p><b>Tacaíocht iompraíochta</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Tá na háiseanna ar fad ón tseirbhís seo ar fáil i mBéarla amháin:  <a href="https://www.eani.org.uk/school-management/behaviour-support-and-provisions-bsp-regional-training-calendar/online-resources">https://www.eani.org.uk/school-management/behaviour-support-and-provisions-bsp-regional-training-calendar/online-resources</a></p>
<p><b>Áiseanna do Pháistí agus do Dhaoine Óga</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Níl aon áis Ghaeilge, nó aon leagan Gaeilge de háiseanna Béarla ar fáil, d'ainneoin gur ardaíodh an cheist seo in 2020.</p>

<p><b>Litreacha 'Restart' do Thuismitheoirí/Cúramóirí 2021</b></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>Níor cuireadh aon leagan Gaeilge ar fáil, d'ainneoin gur tugadh coimintí in 2020 go mbeadh na meicníochtaí cuí á gcur i bhfeidhm le haghaidh aisríocháin comhreathacha. Nuair a rinneadh teagmháil leis an RO, níor tugadh aon fhreagra nuair a ardaíodh an cheist seo.</p>
<p><b>Áiseanna TGMO Mata Feabhra 2022</b></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>Cuireadh ríomhleabhair tacaíochta ar fáil do dhaltá bhliain 12 mar ullmhúchán dá scrúduithe TGMO i mBéarla amáin.</p>
<p><b>Treoirínte agus tionscnaíochtaí</b></p>		
<p><b>Cáipéisí treoraíochta</b></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>I rith na paindéime, cuireadh cáipéisí treoraíochta ar fáil chun tacú le scoileanna ag amanna áirithe i rith na bliana. Níor tagraíodh don Ghaeloideachas agus na hoideolaíochtaí oiriúnacha atá ag teastáil chun tacú le daltaí an Ghaeloideachais, agus más rud é gur tagraíodh, is de bharr ghearráin ón earnáil. Is é an sampla is déanaí de seo ná an cáipéis a cuireadh ar fáil ar an 25/2/21 dar reideal 'Curriculum Planning for the Return of Years 1 to 3'.</p>
<p><b>Cáipéisí agus litreacha <i>Restart</i> (19/08/20)</b></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>Iarradh leaganacha Gaeilge den ábhar <i>Restart</i> ar cuireadh ar fáil do thuismitheoirí. Diúltaíodh roinnt de na hiarratais agus as na hábhair ar aistríodh, bhí an caighdeán thar a bheith íseal agus cuireadh ar fáil iad coicís mall.</p>

<p><b>Engage (Meán Fómhair 2020-)</b></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>Cuireadh ceist ar son solúbthachta nó cur chuige ar leith don Ghaeloideachas. Aithníodh ó thús an chláir ‘Engage’ an deacracht a bhí ag earnáil an Ghaeloideachais múinteoirí ionadaíochta a fháil chun an tacaíocht bhreise a thugtar mar chuid den chlár a chur ar fáil. Cuireadh fianaise le chéile chun léiriú nach raibh an scéim oiriúnach do riachtanais an Ghaeloideachais, agus ní go dtí an 22ú de mhí na Nollag a bhí gach Gaelscoil ábalta leas a bhaint as an sceim trí mhúinteoirí/cúntóirí teanga a earcú.</p>
<p><b>Acht Frithbhulaíochta sna Scoileanna 2016 (ach níor cuireadh i bhfeidhm go dtí 2021)</b></p> <p><b>Addressing Bullying in Schools Act 2016 (but being implemented in 2021)</b></p>	<p><b>An Roinn Oideachais</b></p>	<p>Diúltaíodh d’iarratais sheasmhacha ar son aistriúcháin. Cuireadh na háiseanna ar fáil in 11 teanga eile láithreach.</p>
<p style="text-align: center;"><b>Obair i bhfórais eile</b></p>		
<p><b>IM Continuity of Learning Workstream</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais/ An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna/ An Roinn Oideachais /CCMS/CCEA/An tÁisaonad</b></p>	<p>Lorgaíodh cuidiú ó bhall-ghrúpaí eile den Continuity of Learning Group i rith ama chun tacú le tionscadail thábhachtacha, ar nós an rannóg Ghaeloideachais ar an suíomh ‘Supporting Learning’, ach níor tháinig aon chuidiú gan mhoill. D’oibrigh Comhairle na Gaelscolaíochta lasmuigh dá gcúram féin chun tabhairt faoi roinnt de na tionscadail ar luigh a bhfreagracht leis na baill-ghrúpaí eile.</p>

<p><b>Maoiniú don ghné Gaeloideachais don Chlár 'Continuity of Learning' - Cás gnó curtha isteach, Meitheamh 2020</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Go bhfios dúinn, ní dhearnadh aon chomhairliúchán le Comhairle na Gaelscolaíochta, an comhlacht reachtúil don Ghaeloideachas, sular cuireadh an cás gnó isteach. Dúradh le baill den ghrúpa gur aimsíodh £10k don sruth oibre Gaeilge i mí Mheán Fómhair 2020. Ardaíodh buairimh faoin bhealach a bhí molta chun an airgeadh a chaitheamh agus fiafraíodh cruinnithe ach níor socraíodh aon cheann. Go dtí seo, níor caitheadh aon airgead ar earnáil an Ghaeloideachais faoin scéim seo.</p>
<p><b>Comharthaíocht Ghaeilge Sláinte agus Slándala chun pilleadh ar an scoil (03/08/2020) (Mar chuid den togra Restart)</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais/An Roinn Oideachais</b></p>	<p>I ndiaidh neart stocaireachta mar ullmhúchán do philleadh na scoileanna, cuireadh Gaelscoileanna ar an eolas go mbeadh comharthaíocht Ghaeilge ar fáil in am. Nuair a bhí na comharthaí á gceannach ag na scoileanna, áfach, cuireadh ceist orthu le haghaidh aistriúcháin do na hábhair ar fad a bhí de dhíth. D'fhág sin nach raibh príomhoidí ar an eolas an mbeadh comharthaí Gaeilge acu, agus bhí ualach breise oibre á cur orthu chun na haistriúcháin ar fad a chur ar fáil ag an bhomaite deireanach.</p>

<p><b>Comhairliúchán ar Dhréacht-Pholasáí Eatramhach na Gaeilge (2021-2022).</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>D'ainneoin go mbaineann ábhar an pholasáí agus an comhairliúcháin le dréacht pholasáí don Ghaeilge, ní go dtí gur chuir pobal na Gaeilge ceist gur eagraíodh ceann amháin as an 5 sheisiún comhairliúcháin trí Ghaeilge do phobal na Gaeilge.</p>
<p><b>Forbairt Ghairmiúil (TPL)</b></p>		
<p><b>TPL (Forbairt Ghairmiúil an Mhúinteora FGM) - Meán Fómhair 2020-</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Seachas na seisiúin a d'eascaigh Comhairle na Gaelscolaíochta agus an 2 sheisiún a chur oifigeach de chuid an ÚO ar fáil, níor chuir an ÚO tacaíocht FGM ar bith eile ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe Gaeloideachais. Cuireadh sár-chlár ar fáil d'earnáil an Bhéarla agus d'ainneoin na n-iarrachtaí an cheist seo a ardú, go fóill ní chuireann an ÚO clár cuimsitheach ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta fós. Titeann an fhreagracht sin ar Chomhairle na Gaelscolaíochta.</p>

<p><b>Comhdhálacha Roinnte Oideachais (Aibreán 2021)</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>D'eascaigh an tÚdarás Oideachais 3 lá de chomhdhálacha roinnte oideachais chun machnamh a dhéanamh ar an taithí le linn na paindéime, agus na tionscnaíochtaí chun dul i ngleic leis na fadhbanna a d'eascair ón phaindéim. D'ainneoin gur ardaíodh an gá chun tagairt a dhéanamh do chomhthéacsanna eile tunmoideachais agus gur cuireadh na teagmhálaithe cuí ar fáil, chuaigh na comhdhálacha ar aghaidh gan aon ghné ar leith don Ghaeloideachais.</p>
<p><b>Féilire Traenála de chuid CYPS 2021/22</b></p>	<p><b>An tÚdarás Oideachais</b></p>	<p>Níl aon seisiún ar leith don Ghaeloideachas.</p>